



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

**TUARASCÁLACHA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS
OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**



Oifig Chuntasóir
na gCúirteanna Breithiúnais

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch
an 30 Meán Fómhair 2013

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR, 2013

CLÁR

LEATHANACH

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE	2 - 3
FAISNÉIS CHÚLRA	4
RÉAMHRÁ LE CATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA	5 - 6
AN COISTE INFHEISTÍOCHTA	7
TUARASCÁIL CHUNTASÓIR OIFIG NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS	8 - 15
RÓL OIFIG NA gCOIMIRCI THE CÚIRTE	16
TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA	17 - 19
RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA	20
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH	21 - 22
RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS	23
RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ	24
RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ	25
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	26 - 39
FAISNÉIS BHREISE	40
CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE	41 - 43
CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA	44 - 46
CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE	47 - 49

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA An Breitheamh Nicholas Kearns, Uachtarán na hArd-Chúirte
An Breitheamh Katherine Delahunty (Breitheamh na Cúirte Cuarda) –
imithe ar scor ón gCoiste 28 Samhain, 2012
An Breitheamh Margaret Heneghan (Breitheamh na Cúirte Cuarda) –
Ceaptha 28 Samhain, 2012
An Breitheamh Cormac Dunne (Breitheamh na Cúirte Dúiche) – Imithe ar
scor ón gCoiste 17 Eanáir, 2013
An Breitheamh Anthony Halpin (Breitheamh na Cúirte Dúiche) – Ceaptha
17 Eanáir 2013
Sean Quigley, Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus Stiúrthóir
Bainistíochta Acmhainní
Denise Mullins, Ceann na gCistí Cúirte, An tSeirbhís Chúirteanna
James Finn, Clárúitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte
John Mahon, Príomhoifigeach, An tSeirbhís Chúirteanna
Fintan Murphy, Clárúitheoir Contae, Maigh Eo
Tom Ward, Príomhchleireach, Cúirteanna Cuarda agus Dúiche Bhaile
Átha Cliath
Eugene O'Callaghan, Ball Neamhspleách, Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta
Paul Farrell, Ball Neamhspleách

OIFIG CHLÁRAITHE Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
Teach an Fhionnuisce,
15 - 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
Éire.

BAINISTEOIR INFHEISTÍOCHTA State Street Global Advisors Ireland Limited
Two Park Place
Sráid Haiste Uachtarach
Baile Átha Cliath 2
Éire.

IONTAOBHAÍ *Go dtí 31 Iúil 2013*
J.P. Morgan Banc (Ireland) plc
JPMorgan House
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
Éire.

Le héifeacht ó 1 Lúnasa 2013
State Street Custodial Services (Ireland) Limited
78 Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2
Éire.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE (AR LEANÚINT)

RIARTHÓIR

Go dtí 31 Iúil 2013

J.P. Morgan Administration Services (Ireland) Limited
JPMorgan House
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
Éire.

Le héifeacht ó 1 Lúnasa 2013

State Street Fund Services (Ireland) Limited
78 Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2
Éire.

COMHAIRLEOIR INFHEISTÍOCHTA Aon Hewitt Consulting

Global Investment Practice
Bloc D
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Éire.

COMHAIRLEOIRÍ DLÍ

Matheson
70 Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2
Éire.

McCann Fitzgerald
Riverside One
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2
Éire.

INIÚCHÓIRÍ

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
24-26 Cé na Cathrach
Baile Átha Cliath 2
Éire.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

FAISNÉIS CHÚLRA

Na Cúirteanna agus Cistí Cúirte

Tá ról cosantach ag na Cúirteanna maidir le cistí a lóisteáiltear i gcúirt de bhun Orduithe Cúirte nó i gcomhréir le ceanglais reachtúla. Is iad seo a leanas an reachtaíocht príomha agus thánaisteach a rialaíonn fáil, bainistiú agus infheistiú cistí arna rialú ag cúirteanna:

- An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a dhéantar dá réir
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

Áirítear ar na catagóirí cistí atá i seilbh na gCúirteanna, go príomha:

- (a) Coimircithe Cúirte: déantar cistí na ndaoine a ghlactar faoi Choimirce a thaisceadh sa Chúirt.
- (b) Mionaoiseacha: i gcás dámhachtainí airgeadais déanta ag na Cúirteanna ar dhaoine faoi aois a 18 déantar a ndámhachtainí a thaisceadh sa Chúirt go dtí go dtagann siad an aois. I gcás ina meastar go bhfuil gá le cúram fadtéarmach, is féidir Coimirce Cúirte a dhéanamh de mhionaoiseach.
- (c) Taiscí déanta ag Páirtithe le hImeachtaí Cúirte: féadfaidh páirtí atá páirteach in imeachtaí sibhialta cúirte airgead a thaisceadh sa chúirt d'fhonn éileamh an pháirtí eile sna himeachtaí a shásamh.

Áirítear le cistí eile i seilbh na Cúirte:

- Cistí arna dtaisceadh ag Ceardchumann, Cuideachtaí Árachais agus Ceantálaithe
- Nithe a bhaineann le hIontaobhaithe (fáltais na n-Iontaobhas a taisctear sa chúirt)
- Díbhinní nach n-éilítear i leachtú Cuideachtaí
- Lóisteálacha faoin Land Clauses Act 1845
- Cistí arna dtaisceadh ag an mBord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe

Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Bunaíodh Oifig an Chuntasóra agus post Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (an "Cuntasóir") go gairid i ndiaidh bhunú an Stáit, faoin Acht Oifigigh Cúirte 1926. Sonraítear san Acht go gcomhlíonfaidh an Cuntasóir cibé feidhmeanna a bheidh tugtha nó sannta ag reacht nó le rial chuírte agus go háirithe go gcomhlíonfaidh sé agus a go gcuirfidh sé i gcrích i ndáil leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Príomh-Bhreitheamh gach dualgas agus feidhm a bhíodh á dhéanamh agus á gcomhlíonadh roimhe ag an Ard-Chuntasóir na Cúirte Uachtaraí Breithiúnais in Éirinn i ndáil leis an gCúirt sin agus i ndáil le Tiarna Seansailéir na hÉireann. Tá an Cuntasóir freagrach faoi láthair as bainistíocht agus infheistíocht cistí arb ionann iad agus €1.293 billiún (2012: €1.188 billiún).

Is iad na cistí ndéanann an Cuntasóir bainistíocht orthu ná cistí a shealbhaítear faoi rialú na gCúirteanna agus a ndéantar bainistíocht orthu i gcáil mhuiníneach thar ceann na dtairbhíthe, lena áirítear catagóirí éagsúla dlíthithe, daoine ar Coimircithe Cúirte iad agus Mionaoiseacha ar dhámh na Cúirteanna damáistí dóibh. Éilítear faoin dlí go ndéanfar cistí atá faoi rialú na gCúirteanna a infheistiú de réir an Achta um Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na n-orduithe a rinneadh faoin Acht sin agus de réir na rialacha cúirte.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÉAMHRÁ LE CATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2013 a chur i láthair.

Tá sé deich mbliana ó cuireadh i bhfeidhm na socruithe reatha maidir le bainistiú agus infheistiú na gcistí cúirte. Maidir leis seo, is ábhar misnigh dúinn a thabhairt faoi deara in ainneoin na ndeacrachtaí tromchúiseacha a bhí sna margaí airgeadais le blianta beaga anuas, gur féidir linn a thuairisciú gur éirigh go han-mhaith lenár n-infheistíochtaí i gcaitheamh na tréimhse sin. Maidir leis an gCiste Fáis, atá dírithe ar thréimhsí infheistíochta níos faide, go háirithe do chásanna Coimircíochta, chuir sé glanfháiltis 53% ar fáil i ndiaidh tháillí bainistíochta. Is ionann é sin agus meántoradh breis agus 5% in aghaidh na bliana. Chuir an ciste Airgid Thirim Plus toradh carnach de beagnach 20% ar fáil ó bunaíodh é in 2003 agus is ionann é sin agus meántoradh bliantúil de 2% glan ar tháillí bainistíochta. I rith na tréimhse 10 mbliana sin tháinig méadú 85% ar luach na gcistí a bhí á mbainistiú ag Oifig na gCuntasóirí ó €700 milliún go €1,293 milliún.

Bliain dhúshlánach eile ab ea an bhliain atá faoi athbhreithniú againn maidir le bainistiú agus infheistiú na gCistí Cúirte. Glacadh leis an mbeartas in 2010, agus tá sé d'aidhm aige an éagsúlú is fearr is féidir a chinntiú i ndáil le hinfeistíochtaí airgid, agus é sin a chur i gcrích ar aon dul lenár gcur chuige maidir leis na gnáthscaireanna agus bannaí atá againn, agus leanadh ar aghaidh leis an mbeartas sin sa bhliain airgeadais atá faoi athbhreithniú. Ba é an rud ar tugadh tús áite dó thar gach rud eile i gcás gach infheistíocht airgid ná a chinntiú chomh fada agus ab fhéidir gur cosnaíodh an tsuim chaipitiúil a dhámh an chúirt. Lena chois sin bhí cúrsaí leachtachta an-tábhachtach freisin. Mar sin féin léiríonn an tuilleamh íseal a bhí againn ón gCiste Airgid Thirim Plus sa bhliain atá faoi athbhreithniú an praghas atá le híoc againn as breis leachtachta agus as slándáil caipitil feabhsaithe.

Ní raibh rátaí ísle leanúnacha riamh ag an BCE mar atá aige faoi láthair agus chuireadar sin leis an dúshlán a bhaineann le torthaí dearfacha infheistíochta a fháil i gcás airgid thirim, go háirithe nuair a bhíomar ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt tús áite do shlándáil chaipitil. Lean an Coiste Infheistíochta ar aghaidh, agus tacaíocht acu óna gcomhairleoirí infheistíochta neamhspleácha, le cur chuige stuama agus iad ag déileáil leis na dúshláin atá le sárú i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú. Mar a fheicfidh tú ón tuarascáil seo bhí toradh beag infheistíochta 0.01%, glan ar tháillí bainistíochta infheistíochta, ag an straitéis airgid don bhliain atá faoi athbhreithniú. Chinntigh an straitéis maidir le fás ioncaim go raibh feidhmíocht 5.89% ann sa bhliain airgeadais.

Cuireadh Comhaontú nua um Bainistiú Infheistíochtaí i bhfeidhm maidir le seirbhísí feighlíochta, bainistiú cistí agus riaracháin ar an 7 Deireadh Fómhair 2013 idir an tSeirbhís Chúirteanna agus SSgA Ireland Limited. Chomh maith leis sin, le héifeacht ón 9 Deireadh Fómhair 2013, aistríodh gach Ciste Cúirte go dtí sé straitéis infheistíochta nua, rud a bhí ceadaithe níos luaithe i mbliana ag an gCoiste Infheistíochta ar chomhairle ár gcomhairleoirí infheistíochta. Is ar airgead tirim go príomha atá dhá cheann de na sé straitéis bunaithe agus úsáidtear iad chun cistí Mionaoiseach a infheistiú sa chás go mbeidh na cistí á gcoimeád sa chúirt ar feadh 5 bliana nó níos lú. Bíonn gnáthscaireanna i gceist sna straitéisí eile agus úsáidfear iad chun cistí Mionaoiseach a infheistiú ar feadh tréimhsí infheistíochta níos faide ná 5 bliana agus i gcás Coimircithe Cúirte áirithe. Is léir ó na comharthaí luatha go bhfuil an tionchar inmhianaithe ag na cistí nua, go háirithe i gcás na gcistí Mionaoiseach a bhfuil tréimhse infheistíochta níos faide ná 3 bliana acu. Táthar ag súil go n-éireoidh leis na straitéisí nua seo an toradh a mhéadú agus cur chuige stuama infheistíochta á choinneáil ar siúl fós.

Bhí méadú tagtha roimh dheireadh na bliana go €1.293 billiún (2012: €1.188 billiún) ar na hinfeistíochtaí go léir atá á mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra agus ba méadú €105 milliún é sin ar fhigiúr na bliana roimhe sin. Is féidir a rá gur tharla an fás seo de bharr an rath a bhí ar

€20 milliún a infheistíodh agus as glanmhéadú a tháinig ar idirbhearta caipitil €85 milliún (.i. farasbarr fáltais i gcomparáid le heisiocaíochtaí).

Tháinig an Coiste Infheistíochta le chéile ocht n-uaire le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú agus, i gcomhar lenár gcomhairleoirí infheistíochta, rinne siad monatóireacht ar an bhfeidhmíocht infheistíochta, ar an gcaoi a bhfuiltear ag cloí leis na straitéisí infheistíochta, agus ar oiriúnacht leanúnach na straitéisí infheistíochta. Leanann an Coiste ar aghaidh ag iarraidh deiseanna a fháil chun breisluach a chruthú agus a chinntiú go bhfuil an cur chuige infheistíochta á chur i bhfeidhm i gcónaí ar mhaithe leis na tairbhíthe. Ba

mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCoiste Infheistíochta as a gcuid dianoibre agus a dtiomantas i rith na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin d'obair iontach na foirne in Oifig an Chuntasóra i rith na bliana.



Nicholas J. Kearns

Uachtarán na hArd-Chúirte
Cathaoirleach an Coiste Infheistíochta

18 Nollaig 2013

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA:

Tá ionadaithe na mbreithiúna, oifigigh na Seirbhíse Cúirte, Cláraitheoir Contae agus baill sheachtracha neamhspleácha ina mbaill den Choiste Infheistíochta. Is é Uachtarán na hArd-Chúirte cathaoirleach an Choiste. Ról comhairleach atá ag an gcoiste agus is é an príomhfheidhm atá aige ná beartas infheistíochta a cheapadh do chistí Cúirte, maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a fuarthas óna comhairleoirí infheistíochta, agus deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar an gcleachtas is fearr maidir le bainistiú Cistí Cúirte.

Tagann an Coiste le chéile go rialta agus bhí 8 gcrúinniú acu sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair, 2013 (Bhí 5 chruinniú acu sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair, 2012). Ba iad seo a leanas baill an Choiste ar an 30 Meán Fómhair, 2013:

An Breitheamh Nicholas Kearns, Uachtarán na hArd-Chúirte, Cathaoirleach
An Breitheamh Margaret Heneghan, Breitheamh na Cúirte Cuarda – a ceapadh ar an 28 Samhain, 2012
An Breitheamh Anthony Halpin, Breitheamh na Cúirte Dúiche – a ceapadh ar an 17 Eanáir, 2013
Sean Quigley, Stiúrthóir Bainistíochta Acmhainní/Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
Denise Mullins, Ceann na gCistí Cúirte, An tSeirbhís Chúirteanna
James Finn, Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte
Fintan Murphy, Cláraitheoir Contae, Maigh Eo
John Mahon, Príomhoifigeach, An tSeirbhís Chúirteanna
Tom Ward, Príomhchléireach, Cúirteanna Cuarda agus Dúiche Bhaile Átha Cliath
Eugene O'Callaghan, Ball Neamhspleách, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Paul Farrell, Ball Neamhspleách

An tUasal Deborah Reidy, Aon Hewitt, atá ina Comhairleoir Infheistíochta maidir le hinfheistiú Cistí Cúirte, d'fhreastail sí ar 5 chruinniú rialta de chuid an Choiste Infheistíochta i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL CHUNTASÓIR OIFIG NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Faoi réir an Achta um Sheirbhís Chúirteanna 1998, tá An tSeirbhís Chúirteanna freagrach as bainistiú agus as riaradh na gCúirteanna agus as seirbhísí tacaíochta a sholáthar do bhreithiúna. Is sa cháiil seo atá ról ag an tSeirbhís Chúirteanna i mbainistiú agus in infheistiú cistí Cúirte atá á sealbhú ar iontaobhas ag na Cúirteanna. Tá na cistí seo á n-infheistiú faoi réir forálacha an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus orduithe ina dhiaidh sin.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013, ba é €1.293 billiún luach iomlán na gCistí atá á mbainistiú ag Oifig an (€1.188 billiún, ar an 30 Meán Fómhair, 2012). Is féidir a rá gur tharla an fás seo (€105 milliún) de bharr an ghlanmhéadú €20 milliún a tháinig ar fheidhmíocht infheistíochta (€ 23 milliún in 2012) agus as glanmhéadú a tháinig ar idirbhearta caipitil €85 milliún (.i. an glan-fharasbarr fáltas i gcomparáid le heisíocaíochtaí).

I gcaitheamh na bliana go 30 Meán Fómhair 2013, lean an tSeirbhís Chúirteanna ar aghaidh ag infheistiú gach ciste a raibh sí freagrach as go stuama. In a lán cásanna, ba é caipitil a chaomhnú an cuspóir sáraitheach infheistíochta a bhí ann, go háirithe do mhionaoisigh, ach i gcásanna eile ba é an cuspóir a bhí á lorg ná toradh níos airde a fháil thar ceann na dtairbhíthe i gcás gur measadh go mbeadh sé oiriúnach ioncam a chruthú.

Baineadh leas as straitéis bunaithe ar airgead thirim sna cásanna sin inar díródh ar shlánú an chaipitil agus infheistíodh an tsuim go 100% sa Ciste Airgid Thirim SSgA GRU. I gcásanna inar mheas Cláraitheoir na gCoimircithe Cúirte go mbeadh sé oiriúnach don chás iarracht a dhéanamh toradh níos airde a fháil, infheistíodh na cistí sa Chiste Cothromaithe Speictrim SSgA. Féach Tábla 3 chun leithdháileadh na sócmhainní sa chiste sin a fheiceáil. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an bprótacal infheistíochta do chásanna den sórt sin, nuair a rinneadh an cinneadh chun cistí a infheistiú sa Ciste Cothromaithe, coinníodh an tsuim i sealúchas airgid thirim ar leith i straitéis an Chiste Airgid Thirim. Tá sé i gceist go bhfreastalóidh an sealúchas airgid thirim ar íocaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha agus go seachnófar sa chaoi sin an gá le haonaid Chiste Cothromaithe a dhíol ag am míthráthúil. Fuarthas toradh 5.89% don bhliain ón gCiste Cothromaithe tar éis táillí bainistíochta a asbhaint.

Fuarthas toradh 0.1% don bhliain ón gciste Airgid Thirim Plus tar éis táillí bainistíochta a asbhaint. Nuair a chuirtear san áireamh gurb é cuspóir príomhúil na hinfeistíochta ná an caipiteal a chaomhnú don chiste seo agus nach raibh rátaí úis an BCE chomh híseal riamh, bhí an toradh seo ag teacht lena rabhthas ag súil leis.

Bhí súil ghéar á coinneáil ag an gCoiste Infheistíochta agus ag ár gcomhairleoirí ar na rátaí ísle úis i rith na bliana. Is é fírinne an scéil go raibh ábhair imní ar dhaoine ceithre bliana ó shin faoina mbeadh i ndán do roinnt ball de limistéar an Euro agus nach bhfuil athrú go leor tagtha ar na hábhair imní sin chun aon athrú a dhéanamh ar an gcur chuige infheistíochta atá ann faoi láthair. Mar sin féin, d'fhonn torthaí níos airde a sholáthar do chásanna Mionaoiseach a bhfuil tréimhsí infheistíochta meántéarmach nó fadtéarmach acu bunaíodh roinnt straitéisí infheistíochta nua. Tháinig siad seo i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2013. Déantar plé níos doimhne ar an scéal níos faide ar aghaidh sa tuarascáil.

Ós rud é go bhfuil roinnt éiginnteachta ann maidir leis an earnáil airgeadais agus ós rud é go bhfuil ábhair imní ann i gcónaí i limistéar an Euro, mar a léiríodh leis an bhfadhb a bhí ann maidir le bainc na Cipire níos luaithe i mbliana, tá an tSeirbhís Chúirteanna ag leanúint ar aghaidh a ghlacadh le cur chuige stuama, agus caomhnú caipitil mar phríomhchuspóir acu go háirithe i gcás cistí Mionaoiseach.


In ainneoin na luaineachta atá sna margaí airgeadais, go háirithe i tríú ráithe na bliana airgeadais atá faoi athbhreithniú, tríd is tríd bhí an fheidhmíocht infheistíochta sásúil, agus tháinig méadú €20 milliún ar shócmhainní de thoradh an chaoi ar éirigh le cúrsaí infheistíochta.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)


Léiríonn Tábla 1 thíos an fheidhmíocht, de réir ráithe, maidir le gach ceann den dá chiste infheistíochta a bhí ar fáil ag an tSeirbhís Chúirteanna sa bhliain atá faoi athbhreithniú. Léiríonn an fheidhmíocht laghdaithe Chiste Airgid Thirim na Seirbhíse Cúirteanna, ráithe ar ráithe, an toradh an-íseal a bhí ar an gCiste Airgid Thirim GRU toisc gur thugamar tosaíocht do shlándáil caipitil i gcás na n-infheistíochtaí sin. Tá an Coiste Infheistíochta agus ár gcomhairleoirí ag faire go géar ar na rátaí ísle úis atá ann.

Tábla 1: Feidhmíocht Infheistíochta de réir na ráithe go dtí an 30ú Meán Fómhair 2013



Tríd is tríd d'éirigh go maith leis na hinfeistíochtaí a rinneadh ar na Cistí Cúirte ó ceapadh na socruithe reatha infheistíochta i mí na Nollag 2003. Ag deireadh Meán Fómhair 2013 bhí cuid shuntasach (80%) de na cistí á coinneáil i sócmhainní agus i mbannaí airgid thirim. Bhí 20% acu nochta i ngnáthscaireanna (féach Tábla 5 thíos). Chuidigh an toradh láidir carnach a bhí ar na hinfeistíochtaí ó bunaíodh na cistí aonadaithe nua agus an t-athbhreithniú leanúnach a dhéantar ar chomhdhéanamh na straitéisí infheistíochta atá ag an tSeirbhís Chúirteanna chun na Cistí Cúirte a chosaint ar na hiarmhairtí ba mheasa a bhí ag an luaineacht a tharla sna margaí airgeadais, go háirithe i rith 2008 agus 2009. Mar is léir ó Thábla 2 thíos, b'ionann an toradh chomhionann infheistíochta ó bunaíodh na gcistí aonadaithe nua i mí na Nollag 2003 agus 19.67% don ciste Airgid Thirim Plus agus 53.09% don Chiste Cothromaithe.

Tábla 2: Feidhmíocht Bhliantúil agus Charnach go 30 Meán Fómhair 2013



Nuair a chuirtear san áireamh na himthosca go léir a bhí ann is léir go raibh feidhmíocht infheistíochta sásúil ann le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. Mar sin féin nuair a críochnaíodh an cleachtadh maidir le tairiscintí faoi sheirbhísí bainistíochta infheistíochta, d'fhaomh an Coiste Infheistíochta, le tacaíocht ónár gcomhairleoirí infheistíochta, moltaí maidir le sé straitéis nua infheistíochta. Cuireadh na cistí i bhfeidhm ar an 7 Deireadh Fómhair 2013.

Leithdháileadh Sócmhainní

Nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh faoi infheistiú cuirtear prionsabail infheistíochta stuama san áireamh, mar go bhféadfadh sé gurb é an príomhchuspóir atá ag go leor tairbhíthe ná a gcaipitil a chaomhnú ach i gcásanna eile d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach straitéis a leanúint chun go bhfásfadh an t-ioncam. Cuirtear in iúl d'ionadaithe na dtairbhíthe go bhfuil cistí le hinfheistiú i straitéis um fhás ioncaim sula ndéanann Oifig na gCoimircithe Cúirte an infheistíocht. Déanann Oifig na gCoimircithe Cúirte athbhreithniú ar gach cás den sórt sin go tréimhsiúil, agus má athraíonn imthosca an tairbhí, féadtar an straitéis a athrú dá réir. D'ordaigh Oifig na gCoimircithe Cúirte rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú go n-aistreofaí cistí a bhain le cásanna áirithe Coimircíochta agus go gcuirfí iad sa Chiste Cothromaithe. I gcásanna den sórt sin coinnítear sealúchas airgid thirim ar leithligh le déileáil le híocaíochtaí tréimhsiúla leanúnacha réamh-mheasta thar thréimhse trí bliana.

Léiríonn Tábla 3 meascán sócmhainní lárnach an dá straitéis ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2013 bunaithe ar an bprótacal infheistíochta reatha do chistí Cúirte. Cuimsíonn an Ciste Airgid Thirim GRU meascán d'ionstraimí téarma an-ghearr ó thaobh oibleagáidí fiachais arna n-eisiúint ag aon Rialtas nó ag Gníomhaireacht Rialtais, agus ionstraimí margaidh airgid lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Páipéir Thráchtála agus Teastais Taisce. Ón 30 Meitheamh 2013 ar aghaidh lean Ciste Cothromaithe Speictrim SSgA rian an innéacs ilchodaigh seo a leanas; Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda FTSE, Innéacs Bannaí Rialtais Citi EMU 1-3 Bliana, agus Euribid Seachtain Amháin.


OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)


Tábla 3: Meascán Sócmhainní na gCistí Cúirte amhail an 30 Meán Fómhair 2013

<i>Ciste Speictrim Aicme Sócmhainne</i>	<i>Ciste Airgid Thirim Plus Straitéis 1</i>	<i>Ciste Cothromaithe Straitéis 3</i>
<i>Ciste Airgid Thirim GRU</i>	100%	25%
<i>Ciste Bannaí GRU</i>		20%
<i>Ciste Gnáthscaireanna Euro GRU & Ciste Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro GRU</i>		55%
Iomlán	100%	100%

Tábla 4: Léiríonn sé seo céatadán na gCistí Cúirte a bhí leithdháilte chuig gach straitéis amhail an 30 Meán Fómhair 2013



I ndáil leis na Cistí SSgA, léirítear bunaicmí na sócmhainní ina bhfuil na cistí leithdháilte i dTábla 5 thíos.



OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS


TUARASCÁIL OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

Cur Chuige Infheistíochta

Tá sé i gceist sa straitéis infheistíochta ar ghlac an tSeirbhís Chúirteanna léi go ndéanfar bannaí agus gnáthscaireanna a bhainistiú ar bhonn éighníomhach, agus airgead tirim a bhainistiú ar bhonn gníomhach ag State Street Global Advisors Ireland Limited (SSgA) agus State Street Global Advisors London (SSgA) a bhainistiú an Ciste Airgid Thirim.

Tá SSgA freagrach as infheistiú na gcistí Cúirte, agus le cead Bainc Ceannais na hÉireann, bhunaigh siad an struchtúr infheistíochta seo a leanas (féach Tábla 6) amhail an 30 Meán Fómhair 2013.

Tábla 6: Struchtúr Infheistíochta



I gcás Iontaobhas Aonad Speictrim SSgA i dTábla 6 thuas, infheistíonn na tairbhíthe sna Cistí Speictrim (atá aibhsithe i ngorm). Déanann na cistí infheistiú ina dhiaidh sin sna bunchistí sonracha margaidh (aibhsithe le dath buí) sna comhréireanna a léirítear i dTábla 3. Infheistíonn an Ciste Airgid Thirim Plus gach rud 100% sa Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA. Infheistíonn an Ciste Cothromaithe 25% sa Ciste Airgid Thirim Euro GRU, 20% i gCiste Bannaí GRU agus 55% i nGnáthscaireanna ex Limistéir an Euro GRU agus i nGnáthscaireanna GRU Domhanda ex Limistéir an Euro.

Cistí Infheistíochta

Tá cur síos thíos ar phróifíl gach Ciste Speictrim amhail an 30 Meán Fómhair 2013.

Ciste Airgid Thirim Plus Speictrim

Is é príomhchuspóir na straitéise seo ná luach an chaipitil a infheistíodh a choimeád slán. Infheistítear meascán na sócmhainní go léir 100% i gCiste Airgid Thirim GRU SSgA. Is meascán é seo d'ionstraimí an Mhargaidh Airgid agus d'ionstraimí gearrthéarmacha faofa éagsúla i leith oibleagáidí fiachais arna n-eisiúint ag aon Rialtas nó Ghníomhaireacht Rialtais. Bainistítear an meascán seo go gníomhach.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

Ciste Airgid Thirim Plus Speictrim (ar leanúint)

Ní foláir go mbeadh rátáil fosta creidmheasa fadtéarmacha AA (i gcás S&P) agus Aa2 (i gcás Moody's) ag na hoibleagáidí Fiach arna n-eisiúint ag aon Rialtas nó Ghníomhaireacht Rialtais agus cé go n-áirítear Taiscí Téarmacha, Deimhnithe Taisce agus Páipéir Tráchtála, agus Nótaí Meántearma ó eisitheoirí mar Ionstraimí Margaidh Airgid (bíodh is ní gá go mbeadh siad teoranta dóibh), ach ag am a gceannach ní mór rátáil chreidmheasa A-1, P-1, nó F1 ar a laghad i gcás rátálacha gearrthéarmacha agus/nó A, A2 agus A i gcás rátálacha fadtéarmacha bheith tugtha dóibh ag dhá cheann ar a laghad de na gníomhaireachtaí rátála S&P, Moody's agus Fitch faoi seach. Is é Innéacs Euribid Seachtain Amháin (1) innéacs tagarmharcála Ciste Airgid Thirim GRU SSgA.

Ciste Cothromaithe Speictrim

Is é an cuspóir infheistíochta na straitéise seo ná meascán de mhéadú réasúnta ioncaim agus caipitil a bhaint amach. Féadfaidh na torthaí teacht faoi réir athrúchán margaidh agus an tá an baol ann go bhféadfadh an luach titim chomh maith le hardú. Ní úsáidtear an Ciste Comhardaithe SSgA ach amháin le haghaidh Coimircithe Cúirte nuair a bítear ag súil na cistí a infheistiú ar feadh tréimhse fada ama agus nuair a éilíonn an sealbhóir cuntais leibhéal maith maidir le torthaí infheistíochta réamh-mheasta chun freastal ar chaiteachas a mheastar a bheidh ann sa todhchaí. Is éard atá sa Chiste Cothromaithe SSgA ná meascán de ghnáthscaireanna (55%), bannaí (20%) agus airgead tirim (25%). Ón 30 Meitheamh 2013, déanann an Ciste Cothromaithe SSgA Speictrim rianú ar an t-innéacs ilchodach seo a leanas; 55% d'Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda FTSE, 20% d'Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliana Citigroup EMU, 25% de Euribid Seachtain Amháin. Is é cuspóir an chiste ná rianú a dhéanamh ar innéacs a phointe cóimheasa, rud a chiallaíonn an difríocht idir toradh an chiste agus toradh an innéacs a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Comhaontú Nua faoi Bhainistíocht Infheistíochta

Sa bhliain 2012, cuireadh bailchríoch ar chleachtadh tairisceana an AE maidir le bainistiú infheistíochtaí agus seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil. Ba é an toradh an phróisis meastóireachta ná moladh go n-athcheapfaí State Street Global Advisors (SSgA) mar bhainisteoirí ciste agus chun State Street Custodial Services (Ireland) Limited a cheapadh mar an lontaobhaí agus State Street Fund Services (Ireland) Limited a cheapadh mar Riarthóir gach Ciste de chuid na gCúirteanna.

Cé gurb é J.P. Morgan Bank (Ireland) plc a bí mar lontaobhaí na gCistí Cúirte ag tús na bliana airgeadais ceapadh State Street Custodial Services (Ireland) Limited (SSCS) ina áit ar an 1 Lúnasa 2013. Cuideachta phríobháideach teoranta is ea SSCS agus tá sé faoi úinéireacht, sa deireadh thiar, ag State Street Corporation. Ba é J.P. Morgan Administration Services (Ireland) Limited an Riarthóir a bhíodh ann roimhe sin, ach ar an 1 Lúnasa 2013 ceapadh State Street Fund Services (Ireland) Limited (SSFS) ina áit. Cuideachta dlíteanais teoranta príobháideach é SSFS atá údaraithe ag Banc Ceannais na hÉireann. Síníodh an Comhaontú Bainistíochta Infheistíochta (IMA) atá mar bhun taca leis na socrúithe sin díreach i ndiaidh dheireadh na bliana. Cuireadh na socrúithe nua i bhfeidhm ar an gcéad seachtain den bhliain airgeadais nua (Deireadh Fómhair 2013).

Dúnadh na Cistí Cothromaithe & Airgid a bhí ann ar an 9 Deireadh Fómhair 2013 agus osclaíodh sé straitéis nua le cur ina n-áit. Tá cúig cinn de na straitéisí sin bunaithe go príomha ar airgead ach tá Méideanna éagsúla gnáthscaireanna iontu chomh maith agus úsáidfear iad den chuid is mó i gcomhair cistí Mhionaoiseach. Roghnófar an straitéis oiriúnach ar bhunús an téarma infheistíochta. Glactar le níos mó luaineachta sna straitéisí airgid nua, rud a mheastar a bheith cuí nuair a chuirtear san áireamh an tréimhse infheistíochta atá i gceist.

Baineann an séú straitéis le cásanna Coimircithe Cúirte amháin ina mbeidh cistí sa chúirt ag an gcoimirce ar feadh níos mó ná 5 bliana agus meastar go bhfuil sé oiriúnach riosca breise a ghlacadh chun an t-ioncam a mhéadú chun freastal ar riachtanais an choimircí i rith a s(h)aoil. Maidir leis na tairbhíthe a bhíodh sa Ciste Cothromaithe roimhe sin aistríodh iad go léir go ciste nua dar teideal an "Ciste Fáis". Amhail an 9 Deireadh Fómhair 2013 chuimsigh an ciste 55% de Chiste Gnáthscaireanna Innéacs Euro SSgA GRU mar aon le Ciste Gnáthscaireanna Domhanda Innéacs ex Euro SSgA GRU, 15% de Chiste Corparáideach Innéacs Bannaí, 15% de Chiste SSgA GRU Innéacs Bannaí agus 15% de Straitéis Roghanna Éagsúlaithe SSgA.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

SOCRUITHE RIALACHAIS

Bainistiú na gCistí Cúirte

Is í seo a leanas achoimre ar na socruithe rialachais agus bainistíochta atá i bhfeidhm i ndáil le cistí Cúirte:

- **An Coiste Infheistíochta:** Bunaíodh an Coiste Infheistíochta sa bhliain 2002 chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na socruithe a d'fhaomh Bord na Seirbhíse Cúirteanna maidir le bainistiú agus infheistiú na gCistí Cúirte. Tá ionadaithe na mbreithiúna, oifigigh na Seirbhíse Cúirte, oifigigh na Cúirte agus baill sheachtracha neamhspleácha ina mbaill den Choiste. (Féach ar bhallraíocht an Choiste ar leathanach 6). Tagann an Coiste le chéile ar bhonn rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón gCeannaire Bainistíochta Acmhainní, ó Chomhairleoirí Infheistíochta agus ó Bhainisteoirí Infheistíochta.
- **Comhairleoirí Infheistíochta:** Soláthraíonn Aon Hewitt comhairle infheistíochta neamhspleách faoi láthair don tSeirbhís Chúirteanna i ndáil le bainistiú agus infheistiú na gCistí Cúirte. Is é an ról atá ag an gcomhairleoir infheistíochta ná comhairle infheistíochta neamhspleách, gairmiúil a chur ar fáil don Choiste Infheistíochta maidir le beartais agus straitéisí oiriúnacha infheistíochta a cheapadh chun freastal ar riachtanais na dtairbhíthe, agus chun monatóireacht a dhéanamh freisin ar fheidhmiú infheistíochta agus ar fheidhmiú na mbainisteoirí ciste. Áirítear ar a bhfreagrachtaí comhairle a thabhairt ar réimse nithe a bhaineann le bainistiú agus le hinfeistiú chistí na Cúirte. Tugann siad tacaíocht freisin don tSeirbhís Chúirteanna agus don Choiste Infheistíochta i roghnú agus i gceapadh caomhnóirí agus bainisteoirí ciste.
- **Bainisteoirí Infheistíochta:** Cheap an tSeirbhís Chúirteanna SSgA Ireland Limited (Bainistíocht Sócmhainní Bhanc na hÉireann roimhe seo) agus State Street Global Advisors mar bhainisteoirí infheistíochta comhpháirteacha in 2003. Tar éis tairiscintí an AE maidir le soláthar seirbhísí bainistíochta ciste in 2011, tháinig SSgA chun cinn mar an soláthraí tosaíochta agus moladh don Bhord iad a cheapadh. Cuireadh bailchríoch ar Chomhaontú Nua faoi Bhainistiú Infheistíochta ar an 7 Deireadh Fómhair 2013 nuair a bunaíodh sé straitéis nua infheistíochta le héifeacht ón 9 Deireadh Fómhair 2013.
- **Iniúchadh Seachtrach:** Déanann iniúcháirí neamhspleácha seachtracha iniúchadh ar ráitis airgeadais bhliantúla Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúna. Is iad Grant Thornton a dhéanann an iniúchadh seachtrach faoi láthair. Is féidir na ráitis airgeadais iniúchta a fheiceáil ar láithreán Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag www.courts.ie.
- **Iniúchadh Inmheánach:** Déanann Aonad Iniúchta Inmheánach na Seirbhíse Cúirteanna iniúchadh freisin ar Oifig an Chuntasóra.
- **Bainistiú Riosca:** Mar chuid de bheartas agus de chreat bainistithe riosca atá curtha i ngníomh ag an tSeirbhís Chúirteanna, déantar monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar bhainistiú Cistí na Cúirte lena chinntiú go bhfuil gach mór-riosca aitheanta agus a bhainistiú go leordhóthanach.
- **Oifig Lárnach Cistí:** Ó rinneadh athruithe ar Rialacha na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche, tá an t-údarás dlíthiúil ag Oifig an Chuntasóra cistí ón dá dhlínse sin a bhainistiú agus a infheistiú, faoi réir an ordú iomchuí cúirte a bheith déanta. Tá tograí reachtaíochta curtha faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun Oifig Lárnach Cistí a bhunú lena chinntiú, i measc rudaí eile, go ndéanfaidh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na cistí sin a iniúchadh.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

Forbhreathnú Oibriúcháin

Oifig an Chuntasóra

I gcaitheamh na bliana, phróiseáil Oifig an Chuntasóra 73,272 idirbheart airgeadais (65,914 sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012), a raibh luach breis agus €1.999 billiún acu (€2.75 billiún sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012). Ba ionann sin agus méadú 11% i líon na n-idirbheart a phróiseáil an oifig. Meastar go dtiocfaidh méadú breise ar an obair a dhéanfar in Oifig an Chuntasóra in 2014 nuair a thiocfadh na cistí aonadaithe go léir faoi réir na socruithe nua infheistíochta agus go nglacfar le cuntais bhreise ó oifigí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche. Bhí os cionn 99% de na híocaíochtaí go léir a próiseáladh in Oifig an Chuntasóra don bhliain airgeadais faoi bhreithniú laistigh de na príomhtháscairí feidhmíochta a bhí leagtha atá síos d'Oifig an Chuntasóra agus eisíodh 54% de na híocaíochtaí trí ríomhaistriú airgid.

An Ciste Cúitimh Árachais

Bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais (an "Ciste") faoin Acht Árachais 1964 (an tAcht) chun socruithe a dhéanamh le freastal ar dhliteanais áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha. Coinnítear an Ciste ar siúl agus riartar é faoi urláimh Uachtarán na hArd-Chúirte ag gníomhú dó trí Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Íoctar suimeanna as an gCiste, le faomhadh na hArd-Chúirte, do dhuine i ndáil le hárachóir atá faoi leachtú nó faoi riarachán, i ndáil le héilimh faoi pholasaithe a d'eisigh an t-árachóir dócmhainneach in imthosca inar cosúil nach dócha gur féidir na héilimh a shásamh ar aon bhealach eile.

Maidir leis an méid a íoctar as an gCiste, bíonn Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ('an Cuntasóir') ina chreidiúnaí de chuid an árachóra dhócmhainnigh a fhaigheann na cistí, ó thaobh an airgid sin de. Tá an Banc Ceannais freagrach as cinneadh a dhéanamh an gá tacaíocht airgeadais a thabhairt don Chiste agus as an méid a bheidh le híoc leis an gCiste ag árachóirí. Tháinig tobhach i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2012. Tá an tobhach iníoctha ag árachóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim atá freagrach as é a bhailiú agus as é a aistriú ina dhiaidh sin chuig an gCiste. De réir Alt 5 d'Acht 1964, i gcás nach bhfuil dóthain airgid sa Chiste chun freastal ar íocaíocht atá faofa ag an Ard-Chúirt, féadfaidh an tAire Airgeadais, ar mholadh an Bhainc Ceannais, airgead a airleacan chun an Chiste ón bPríomh-Chiste chun go bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste ina leith.

Soláthraíonn an Cuntasóir ráiteas iomlán ar an gCiste don Roinn Airgeadais agus don Bhanc Ceannais gach bliain agus foilsítear iad ar láithreán Gréasáin na Roinne Airgeadais ag www.finance.gov.ie. Níl i ráitis airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ach taifid maidir le fáiltais, íocaíochtaí agus infheistiú na gCistí. I gcaitheamh na bliana atá faoi athbhreithniú phróiseáil Oifig an Chuntasóra íocaíochtaí ar b'fhíú €332 milliún iad ón gciste. Bhí luach €335.7 milliún ag na fáiltais go léir a próiseáladh sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair, 2013.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann in Oifig an Chuntasóra as an obair den scoth a rinne siad i gcaitheamh na bliana ag bainistiú an méadú suntasach a tháinig ar ualach oibre na hoifige. Tá siad tar éis cur go mór le seirbhís den scoth a sholáthar do slua éagsúil cliant. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht a thug na haonaid ghnó eile sa tSeirbhís Chúirteanna agus soláthraithe seirbhíse seachtracha a chuir ar chumas Oifig an Chuntasóra a cuid cuspóirí a bhaint amach i rith na bliana.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Dáta: 18 Nollaig 2013

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÓL OIFIG NA gCOIMIRCITHE CÚIRTE

Baineann sciar suntasach de na cistí a bhainistíonn Oifig an Chuntasóra le daoine ar Coimircithe Cúirte iad agus a bhfuil a ngnóthaí á mbainistiú ag Oifig na gCoimircithe Cúirte. Seo forléargas gearr ar obair Oifig na gCoimircithe Cúirte.

Tá go leor daoine ann a chailleann a gcumas chun cinntí a dhéanamh dóibh féin mar thoradh ar thinneas nó timpiste; tá go leor daoine eile ann a rugadh faoi mhíchumas intleachtúil agus nach mbíonn in ann aire a thabhairt dá ngnóthaí féin uair ar bith.

Ceadaíonn córas na gCoimircithe Cúirte go bhféadfaidh an Chúirt cinnteoireacht ionadach a dhéanamh má bhíonn sé riachtanach chun an duine agus maoin an duine sin nach bhfuil lánchumas meabhrach acu a chosaint. Is é an bunphrionsabal na dlínse Coimircíochta ná go bhfeidhmíonn an Chúirt ar an mbealach céanna is a bhfeidhmeodh tuismitheoir stuama maidir le leas linbh.

Cé go bhforáiltear an dlínse Choimircíochta le reachtaíocht agus le rialacha cúirte, níl sé teoranta ag an reachtaíocht agus is dlínse í a fheidhmíonn an Chúirt faoi réir forálacha an Bhunreachtá amháin. Dá bhrí sin, tá cumhachtaí agus dualgais fhíorleathana ag an gCúirt i ndáil le daoine faoi mhíchumas. Tá an dlínse dílsithe d'Uachtarán na hArd-Chúirte agus, dá réir sin, tá sé freagrach as bainistiú gnóthaí na gCoimircithe Cúirte. Tá an bainistiú laethúil tarmligthe aige chuig Cláráitheoir agus foireann Oifig na gCoimircithe Cúirte. Bunaíodh Oifig na gCoimircithe Cúirte agus post Cláráitheoir na gCoimircithe Cúirte faoi Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlfontacha) 1961. I gcomhréir leis an reachtaíocht seo agus le rialacha na Cúirte, tá freagracht reachtúil ar Oifig agus Cláráitheoir na gCoimircithe Cúirte gnóthaí daoine ar Coimircithe Cúirte iad a bhainistiú. Ceapann an Chúirt coiste, ar a mbíonn dhuine de theaghlach an Choimircí de ghnáth, agus iarrtar ar an gcoiste sin moltaí a dhéanamh i ndáil le nithe mar leas agus maoin an Choimircí agus a (h)ionad cónaithe sa toadhcháil.

Tagann Coimircíocht chun cinn i gcásanna ina mbíonn maoin ag duine nach bhfuil cumas meabhrach aige nó aici agus gur gá an mhaoin sin a úsáid lena leas chun é nó í a chothabháil. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach teach cónaithe a dhíol nó cistí a aistarraingt ó bhanc chun íoc as cúram i dteach altránais. Taisctear cistí ar leis na Coimircithe iad sa Chúirt nuair a bhíonn an díolachán nó an aistarraingt déanta agus coinnítear iad faoi rialú Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnaí. Tá an Cláráitheoir freagrach as treoir a thabhairt don Chuntasóir maidir le cistí na gCoimircithe Cúirte a infheistiú i gcomhréir le prótacal infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna, faoi mar a mholann ár gcomhairleoirí infheistíochta, agus chun na híocaíochtaí a údarú thar ceann na gCoimircithe. Cinneann an Cláráitheoir an straitéis chuí infheistíochta do gach cás i gcomhréir le prótacal infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna. Is é an Cláráitheoir a dhéanann an cinneadh faoin straitéis atá oiriúnach ag féachaint do shócmhainní an Choimircí agus na riachtanais leanúnacha airgeadais atá aige nó aici. Déantar na cistí a infheistiú sa chaoi go mbeidh siad ar fáil, nuair is féidir, do na riachtanais sin a bheith ag an gCoimircí ar feadh na coda eile dá s(h)aol. Tá an Cláráitheoir freagrach freisin as an Cuntasóir a stiúradh nuair is cuí, chun dóthain airgid a infheistiú in infheistíocht airgid ar leith, ar cheart go sásódh sí an coibhéis thrí bliana de costais tuartha cothabhála agus íocaíochtaí eile atá ar eolas.

Uaireanta déantar Coimircithe Cúirte de mhionaoisigh, .i. de dhaoine faoi ocht mbliana déag d'aois. D'fhéadfadh sé seo tarlú nuair atá an mionaoiseach i dteideal suim shuntasach airgid a fháil a d'eascair as dámhachtain Chúirte nó as oidhreacht. Déantar na cistí a infheistiú ar threoir an Chláráitheora i gceann de na straitéisí atá ar fáil. Déantar íocaíochtaí rialta le tuismitheoirí nó caomhnóirí an mhionaoisigh. Nuair a bhíonn na hocht mbliana dhéag slán ag an mionaoiseach bíonn sé nó sí i dteideal fullleach na gcistí a fháil mura bhfuil fianaise leighis ann a léiríonn go bhfuil éagumas meabhrach ag gabháil dó nó di.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS
TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA

Feidhmiú Cistí Aonad Iontaobhais Speictrim don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013

	Ciste Airgid Thirim Plus SSgA	Ciste Banna Plus SSgA *	Ciste Cothromaithe SSgA	Ciste Fáis SSgA *
Toradh Punainne	0.07%	N/B	6.01%	N/B
Toradh Tagarmhairc	0.05%	N/B	5.85%	N/B
Difríocht	0.02%	N/B	0.16%	N/B

Dáileadh Cistí Aonad Iontaobhais Speictrim don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013

	Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU	Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU	Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro SSgA GRU	Ciste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU
Ciste Airgid Thirim Plus SSgA	100.04%	N/B	N/B	N/B
Ciste Banna Plus SSgA *	N/B	N/B	N/B	N/B
Ciste Cothromaithe SSgA	24.53%	19.52%	6.76%	49.29%
Ciste Fáis SSgA *	N/B	N/B	N/B	N/B

Feidhmiú Cistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán (sa Bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013)

	Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU	SSgA GRU EMU Ciste Bannaí GRU	Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro SSgA GRU	Ciste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU
Toradh Punainne	0.07%	-0.45%	23.32%	13.35%
Toradh Tagarmhairc	0.05%	-0.40%	23.23%	13.25%
Difríocht	0.02%	-0.05%	0.09%	0.10%
Rianú earráide (3 bliana)	N/B	1.36	0.63	0.46

Nótaí:

Léirítear torthaí Punainne na gCistí Speictrim glan ar tháillí bainistíochta.

* Cistí díomhaoine ag deireadh na bliana

Is in Euro atá torthaí aon bhliana amháin léirithe don tréimhse ó 1 Deireadh Fómhair 2012 go 30 Meán Fómhair 2013.

Is é EUR Libid 7 Lá an tagarmharc i gcomhair Ciste Airgid Thirim Plus SSgA

Tagarmharc ilchodach a bhfuil gnáthscaireanna mar chuid de glan ar cháin shiarchoinneálach do-aisghabhála ar dhíbhiní is ea tagarmharc Ciste Cothromaithe SSgA.

Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU

Is cinnte go raibh an éifeacht inmhianaithe maidir le cobhsú ag gníomhartha agus ag fógraí an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) sa ceathrú ráithe de 2012. Ba leor fógairt clár an BCE maidir le hIdirbhearta Glan Amach Airgeadaíochta chun an fás a bhí ar torthaí bannaí imeallacha a chasadh droim in ais agus cúlstop inchreidte margaidh a chur ar fáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach agus siombalach i limistéar an Euro i ndáil le géarchéim na Gréige i rith ceathrú ráithe 2012. Rinne gach taobh comhréirithe sa chaoi gur socraíodh téarmaí comhaontaithe faoi Rannpháirtíocht na hEarnála Príobháidí agus gur scaoil airí airgeadais na hEorpa eisíocaíochtaí tarrthála. D'fhan sonraí (eacnamaíochta) na hEorpa lag agus thosaigh geilleagar limistéir an Euro ag cúlú don dara huair i gceithre bliana.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA (AR LEAN)

Bhí cúrsaí na Cipire go mór chun tosaigh i rith céad ráithe na bliana 2013 mar bhí ar na húdaráis imeacht de ruathar chun plean tarrthála cheapadh a chuirfeadh cosc le mainneachtain láithreach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhiachas ceannasach. Ciseach críochnaithe ab ea an cur chuige neamhrialta maidir le hiallach a chur ar gach taisceoir bainc glacadh le caillteanais agus bhí teannas le sonrú go forleathan sa mhargadh dá bharr. Tar éis deich lá tugadh ráthaíocht tábhachtach do thaisceoirí a raibh airgead faoi bhun €100,000 curtha i dtaisce acu ach thabhaigh taisceoirí os cionn an leibhéil sin caillteanais ar fud an chórais bainc éireachta.

Cuireadh tús haisíoc Oibríocht Athmhaoinithe Fhadtéarmach (LTRO) an BCE a rabhthas ag súil leis go mór chomh maith le linn 1ú Ráithe 2013, agus seoladh ar ais le chéile €212 billiún (21%) den dá thráinse bhunaidh chuig an BCE. Bhí dea-thionchar ar dtús ag draenáil na leachtachta bhreise ón margadh ar infheisteoirí tosaigh mar chruthaigh sé roinnt brú aníos ar rátaí an mhargaidh, agus cuireadh fáilte roimhe sin toisc go raibh tionchar aige ar an mbrú síos a bhí ar thorthaí.

Chloígh an BCE le linn na tréimhse seo leis an mbeartas leis am mbeartas a bhí acu maidir le rátaí, rud a thug le fios go raibh na rátaí oiriúnach cheana féin, ach mar a dhruideamar isteach sa dara ráithe lean sonraí geilleagair limistéir an Euro ag meath go leanúnach sa chaoi gur laghdaigh an BCE an príomhráta athmhaoinithe de .25 bunphointe (an ráta ab ísle riamh) agus de .50 bunphointe i mBealtaine. Níor chuir an gearradh seo aon iontas ar an margadh mar a bhí sé tugtha le fios an BCE go soiléir roimhe sin go bhféadfaí beartas airgeadaíochta a mhaolú dá mba rud é nach raibh feabhas ag tosú ag teacht ar shonraí eacnamaíochta na hEorpa.

Bhí toghchán sa Ghearmáin go luath i mí Mheán Fómhair agus d'éirigh le páirtí coimeádach Angela Merkel fanacht i gcumhacht ach bhí siad dírithe go príomha ar chlár barrchaolaithe Choiste an Mhargaidh Oscailte Fheidarálaigh (CMOF) áit a rabhthas ag súil le fógra go gcuirfí tús le barrchaolú trí éascú cainníochtúil de thart ar 10/15 billiún dollar Mheiriceá. Bhí ábhar inní ar dhaoine go bhféadfadh aon bharrchaolú torthaí na hEorpa a ardú, agus ar an ábhar sin bhí baill BCE gníomhach agus ag labhairt go glórach sular tharla an cruinniú. Rinne a lán daoine, lena n-áirítear an tUachtarán Draghi, beag is fiú den bhaol go n-ardófaí torthaí na hEorpa, is chuireadar in iúl go bhféadfaí na rátaí a ghearradh fós, nó bearta breise a chur i bhfeidhm dá mba gá. Chuir an FOMC ionadh ar na margaí, áfach, trí staonadh ó aon barrchaolú a dhéanamh ar cheannach sócmhainní ag an am sin, ach bhí amhras ann i gcónaí faoi cad a tharlódh sa ghearrthearma. Threisigh sé sin na margaí gnáthscaireanna agus d'fhág torthaí na hEorpa gan athrú.

Cé go bhfuil rátaí sa chuid ghearrthéarmach den Mhargaidh Airgead Euro ag dul in airde ón gcéad ráithe ach i gcás tosca eile mar chrapadh na leachtachta breise agus feabhsú sonraí Eorpacha, is beag athrú atá tagtha ar chuar Euribor i rith na tréimhse. Is é 3 mhí Euribor an pointe tagarmharcála agus is beag athrú atá tagtha air tríd is tríd ach é ag fanacht sa réimse trí phointe idir 0.20% agus 0.23% agus níos faide amach sa chuar d'éirigh an ráta Euribor 12 mí chomh hard le 0.55 i mí Eanáir sular thit sé ar ais go leibhéal 0.50% agus muid ag druidim le deireadh na tréimhse.

Maidir leis an gCiste, d'fhanamar suite go coimeádach ó thaobh creidmheasa, leachtachta agus aibíochta de i rith na tréimhse. Chuaigh na torthaí gearrthéarmacha níos airde chun tairbhe an Chiste. Bhíodar sin ag ardú i gcónaí agus chuaigh cúrsaí níos leithne chun tairbhe an chiste freisin nuair a tháinig roinnt eisitheoirí nua chun an mhargaidh nó d'áth-eisigh siad ábhar i limistéar an Euro. Sháraíomar imlínte na dtreoirínite agus chuireamar tréimhse níos faide ar fáil nuair a bhí sé sin indéanta sa chaoi go raibh Meánaibíocht Ualaithe de thart ar 40 - 45 lá ann. Ó ba chosúil nárbh fhada uainn an chéad fhadhb eile leanamar orainn go cúramach trí na margaí agus muid ag fanacht go mbeadh iarmhairtí níos leithne na bhforbairtí sa mhargadh níos soiléire.

Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU

Athraíodh tagarmhac an Chiste seo ar an 6 Meán Fómhair 2013 ó Innéacs Rátaithe Bank of America Merrill Lynch EMU Díreach Rialtas AA/AAA go hInnéacs Bannaí Rialtais 1 - 3 Bliana Citi EMU.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA (AR LEAN)

Déantar an Ciste a bhainistiú go héighníomhach i bhfianaise an tagarmhairc ag baint úsáide as straitéis samplála srathaithe. Ba é -0.40% an toradh ilchodach tagarmhairc don dá mhí dhéag faoi athbhreithniú. Ba é -0.45% feidhmíocht an Chiste sa tréimhse. Ba é an phríomhchúis go raibh toradh níos ísle ag an gCiste ná an tagarmharc ná toisc gur athraíodh an tagarmharc. Luaitear na sonraí feidhmíochta glan ar chostais choimeádta agus eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaí agus táillí iniúchóireachta.

Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Innéacs Euro SSgA GRU

Is é innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda ex Eurobloc FTSE an pointe tagarmharcála don Chiste seo. Déantar an Ciste a bhainistiú go héighníomhach i bhfianaise an tagarmhairc seo. Ba é 23.23% toradh an tagarmhairc don dá mhí dhéag faoi athbhreithniú. Ba é 23.32% feidhmíocht an Chiste sa tréimhse.

Bhí feidhmíocht an Ciste 9 mbunphointe níos airde ná an tagarmharc mar gheall ar na teicnící éifeachtacha a úsáideadh chun an phunann a bhainistiú. Luaitear na sonraí feidhmíochta glan ar chostais choimeádta agus eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaí agus táillí iniúchóireachta. Is ionann toradh tagarmhairc ná an tInnéacs ábhartha FTSE arna leasú ó thaobh cánach shiarchoinneálaí do-aisghabhála ar dhíbhinní.

Ciste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU

Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda ex Eurobloc FTSE an pointe tagarmharcála don Chiste seo. Déantar an Ciste a bhainistiú go héighníomhach i bhfianaise an tagarmhairc seo. Ba é 13.25% toradh an tagarmhairc don dá mhí dhéag faoi athbhreithniú. D'éirigh leis an gCiste 13.35% a ghnóthú i gcaitheamh na tréimhse. Bhí feidhmíocht an Ciste 10 mbunphointe níos airde ná an tagarmharc, mar gheall ar na teicnící éifeachtacha a úsáideadh chun an phunann a bhainistiú. Luaitear na sonraí feidhmíochta glan ar chostais choimeádta agus eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaí agus táillí iniúchóireachta. Is ionann toradh tagarmhairc agus Innéacs ábhartha FTSE arna leasú ó thaobh cánach shiarchoinneálaí do-aisghabhála ar dhíbhinní.

State Street Global Advisors Ireland Limited
5 Nollaig 2013

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

Bunaíodh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus post an Chuntasóra faoi Acht 15 agus Acht 16 faoi seach den Acht Oifigigh Cúirte 1926. Éilítear ar an gCuntasóir de bhun Ordú 77, Rial 83 de Rialacha na nUaschúirteanna cuntas a ullmhú ar nó roimh an 31 Márta a thaispeáin méid iomlán na gcistí a íocadh nó a aistríodh isteach agus amach as an gCúirt sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair na bliana roimhe sin. Ní foláir go léireodh an cuntas iarmhéid na gcistí sa Chúirt ag tús agus ag deireadh na bliana. Éilítear go gcuirfead cóipeanna den chuntas ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus chuig an Aire Airgeadais. Tá bunús an ullmhúcháin agus na beartais chuntasaíochta leagtha amach ar leathanach 25.

Ní foláir don Chuntasóir ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus ar thorthaí na hoifige don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, éilítear ar an gCuntasóir:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú do Ráitis Airgeadais Chuntasóir Oifig na gCúirteanna Breithiúnais agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ar aghaidh i mbun ghnó.

Ráiteas um an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Aithníonn an Cuntasóir an fhreagracht atá air as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád ar bun i ndáil le hoibriú Oifig an Chuntasóra.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thairfeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a thabhairt faoi deara iad in achar ama tráthúil.

Príomhimeachtaí Rialaithe

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú, agus
- tá ról agus freagrachtaí ann atá sainmhínithe go soiléir.

Faoi na socruithe rialúcháin a bhunaigh Bord na Seirbhíse Cúirteanna, tá feidhm iniúchta inmheánaigh ann a fheidhmíonn laistigh de chairt a faomhadh. Ceann de príomhfheidhmeanna an aonaid iniúchta inmheánaigh is ea tuairisc a thabhairt ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a oibríonn Oifig an Chuntasóra.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Dáta: 18 Nollaig 2013

TUARSCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 a chuimsíonn an Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhhliteanais, an Ráiteas faoi Oibríochtaí agus an Ráiteas faoi Athruithe sna Glansócmhainní agus na nótaí gaolmhara 1 go 18. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus na gcaighdeán cuntasafóchta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Chairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasafóchta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn).

Is leis an gCuntasóir amháin atá an tuarascáil seo déanta i gcomhréir le Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83.

Freagrachtaí an Chuntasóra agus na nIniúcháirí faoi seach

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Chuntasóra tá an Cuntasóir freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus na gcaighdeán cuntasafóchta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna leithdháileadh ag Institiúid na gCuntasóirí Chairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasafóchta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn). Is é ár bhfreagracht é iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a chur in iúl faoi na ráitis airgeadais de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná an fhaisnéis agus na méideanna agus an nochtadh go léir atá sna ráitis airgeadais a fháil atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Chuimsigh sé seo measúnú ar: cibé an bhfuil na beartais chuntasafóchta oiriúnach d'imthosca Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go himleor iad; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasafóchta a rinne an Cuntasóir; agus cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, léamar an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i Ráiteas Chathaoirleach an Choiste Infheistíochta, i dTuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, i dTuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta, san Fhaisnéis Chúlra agus san Fhaisnéis Forlíontach mar a thuairiscítear sa chuid faoi chlár ábhar chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta. Measaimid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara míráitis nó neamhréireachtaí dealraitheachta ábhartha.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus Cleachtais Chuntasafóchta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, ar staid ghnóthaí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amhail an 30 Meán Fómhair 2013 agus an toradh don bhliain dar críoch sin.

Ábhair ar a cheanglaítear orainn a thuairisciú

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chúí coinnithe ag Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais.
- Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntasafóchta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i Ráiteas Chathaoirleach an Choiste Infheistíochta, i dTuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, i dTuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta, san Fhaisnéis Chúlra agus an Fhaisnéis Forlíontach ag teacht leis na ráitis airgeadais.



TUARSCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (ar lean)

Grant Thornton

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
24-26 Cé na Cathrach
Baile Átha Cliath 2
Éire.

Dáta: 18 Nollaig 2013

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS
AMHAIL 30 MEÁN FOMHAIR 2013

	Nótaí	30/9/2013 €	30/9/2012 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA			
Infheistíochtaí	4	1,271,780,807	1,175,917,662
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	5	12,410,315	10,809,458
Banc	6	10,026,894	2,952,425
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA		<u>22,437,209</u>	<u>13,761,883</u>
DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe	7	(690,770)	(900,105)
IOMLÁN NA nDLITEANAS REATHA		<u>(690,770)</u>	<u>(900,105)</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		21,746,439	12,861,778
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ		<u>1,293,527,246</u>	<u>1,188,779,440</u>
Arna léiriú ag:			
Cistí a sealbhú ar son na dtairbhíthe	8	<u>1,293,527,246</u>	<u>1,188,779,440</u>

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais ar an 18 Nollaig 2013.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

	<i>Nótaí</i>	30/9/2013 €	30/9/2012 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE			
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i gcaitheamh na bliana	10	6,706,512	9,706,748
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	11	15,475,183	15,294,712
Glanchailteanais réadaithe ar aistriú sócmhainní	12	(107,193)	(396,415)
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS AN tATHRÚ I nGNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE		<u>22,074,502</u>	<u>24,605,045</u>
Ioncam ó infheistíochtaí	13	327,022	276,399
		<u>22,401,524</u>	<u>24,881,444</u>
Costais	14	(2,023,576)	(1,897,508)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		<u>20,377,948</u>	<u>22,983,936</u>

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais ar an 18 Nollaig 2013.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS AR ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

	30/9/2013 €	30/9/2012 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam ó infheistíochtaí lúide costais	(1,696,554)	(1,621,109)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	6,706,512	9,706,748
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	15,475,183	15,294,712
Glanchailteanais réadaithe ar Aistrithe Amach i rith na bliana	(107,193)	(396,415)
	<hr/>	<hr/>
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	20,377,948	22,983,936
	<hr/>	<hr/>
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	566,174,586	955,132,733
Eisíocaíochtaí	(481,804,728)	(967,857,265)
	<hr/>	<hr/>
MÉADÚ/(LAGHDÚ) I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	84,369,858	(12,724,532)
	<hr/>	<hr/>
Méadú Iomlán i nglansócmhainní don bhliain	104,747,806	10,259,404
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,188,779,440	1,178,520,036
	<hr/>	<hr/>
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	1,293,527,246	1,188,779,440
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

1. GINEARÁLTA - STÁDAS DLÍTHIÚIL

Déanann Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais na Cistí Cúirte a bhainistiú i gcáil mhuiníneach thar ceann na dtairbhíthe. Is iad seo a leanas an reachtaíocht príomha agus thánaisteach a rialaíonn fáil, bainistiú agus infheistiú cistí atá á rialú ag na Cúirteanna:

- An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926
- An tAcht Lontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Lontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a dhéantar dá réir
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

(a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Rial 83 agus na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Chuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn).

Bhain Oifig an Chuntasóra leas as an díolúine atá ar fáil faoi FRS 1 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid (athbhreithnithe) gan ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú.

(B) Luacháil na nInfheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí liostaithe agus infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a luacháil ag a bpraghas tairgthe i gcás ina luaitear iad ar stocmhalartán aitheanta. Déantar polasaithe árachais a luacháil ag a luach géilliúna faoi mar a dheimhníonn na cuideachtaí árachais iad go neamhspleách. Déantar infheistíochtaí eile a luacháil ag a luach taisce lena n-áirítear ús fabhráithe ag deireadh na bliana.

(c) Ioncam

Déantar ús agus díbhinne a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe.

(d) Gnóthachain agus cailleanais réadaithe

Déantar idirbhearta infheistíochta a thaifeadadh ar bhonn an dáta trádála. Déantar gnóthachain nó cailleanais réadaithe ar dhíolacháin na n-urrús trádálaithe a ríomh ar bhonn 'an ceann is tuisce isteach is tuisce amach'. Déantar gnóthachain nó cailleanais réadaithe ar dhíolacháin infheistíochtaí aonadaithe a ríomh ar bhonn 'an ceann is tuisce isteach is tuisce amach'. Déantar gnóthachain réadaithe agus an t-athrú i ngnóthachain nó i gcaillteanais neamhréadaithe ar infheistíochtaí a thaifeadadh sa ráiteas oibríochtaí.

(e) Costais

Déantar costais a chur chun cuntais ar bhonn fabhráithe. Déantar costais a ghearradh ar an ráiteas maidir le hoibríochtaí, ach amháin i gcás na gcostas a tabhaíodh ar éadail infheistíochta, a chuirtear san áireamh i gcostas infheistíochtaí den sórt sin.

Déantar costais a bhaineann le bainistiú na gcistí aonadaithe a ghearradh ar ghlánghnóthachain réadaithe agus ar an athrú i ngnóthachain neamhréadaithe.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

3. TÁILLÍ AGUS COSTAIS

3.1 Táillí Cúirte

Tá freagracht throm dhlíthiúil a fheidhmíonn ar na cúirteanna a cheanglaíonn go ndéanfar cistí agus sócmhainní eile a shealbhaítear ar iontaobhas, thar ceann agus chun sochair na dtairbhíthe a bhainistiú mar is cuí. Tá go leor de na tairbhíthe ar na daoine is leochailí sa tsochaí, mar shampla daoine ar Coimircithe Cúirte iad agus daoine eile ar mionaoiseacha iad faoi bhun 18 mbliana d'aois. D'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann an tSeirbhís Chúirteanna a dualgas maidir le tacaíocht a soláthar do na cúirteanna agus do na breithiúna i ndáil leis na Cistí sin is gá go mbeadh acmhainní agus córais iomchuí ann chun na Cistí a bhainistiú. Áirítear leo sin freisin daoine mar Chomhairleoirí Infheistíochta, Iniúcháirí agus Bainisteoirí Infheistíochta ó lasmuigh den eagraíocht a fhostú. D'fhonn íoc as costas na n-oibríochtaí sin gearrtar táillí cúirte agus muirir eile ar na hidirbhearta éagsúla a bhaineann le bainistiú na gCistí Cúirte. Faomhann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na muirir sin agus tá siad le fáil in Orduithe na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte maidir le Táillí.

Gearradh táillí arb fhiú €1.834 milliún iad de bharr idirbhearta a phróiseáil Oifig an Chuntasóra i gcaitheamh na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair, 2013 (€1.679 milliún in 2012). Chomh maith leis na táillí sin, gearradh €189,000 i ndáil le céatadáin chúirte ar chistí a bhí á sealbhú thar ceann Coimircithe Cúirte (€212,000 in 2012). Shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ordú nua maidir táillí cúirte don Chúirt Uachtarach agus don Ard-Chúirt ar an 10 Iúil 2013 chun maoiniú a sholáthar do na seirbhísí a chuireann Oifig an Chuntasóra agus Oifig na gCoimircithe Cúirte ar fáil.

3.2 Táillí Bainistithe Infheistíochtaí

Nuair a cuireadh tús leis an gconradh in 2003, rinneadh comhaontú faoi scála táillí bainistithe infheistíochtaí le Bainistíocht Sócmhainní Bhanc na hÉireann agus State Street Global Advisors agus ionchorpraíodh iad sa Chomhaontú faoi Bhainistiú Infheistíochta. Chuir Stát Street Global Advisors bailchríoch ar éadail Bhainistíocht Sócmhainní Bhanc na hÉireann i nDeireadh Fómhair 2010 agus is iad sin na Bainisteoirí Infheistíochta amháin atá ann anois. Níor tharla aon mhéadú ar chéatadán an táille Riarthóra agus Caomhnóra toisc gur athraíodh soláthraí na seirbhíse. Léirítear táillí bainistithe infheistíochtaí ar Chistí Cúirte thíos mar chéatadán de ghlanluach sócmhainní na gcistí infheistíochta an dá straitéis infheistíochta ag deireadh na bliana:

Airgead tirim Plus:	0.07%
Cothromaithe:	0.07%

3.3 Táillí Riaracháin agus Caomhnóra

Is iad seo na táillí idirbhirt a ghearrann an Riarthóir agus an Caomhnóir.

Is mar seo a leanas a bhí táillí riaracháin agus caomhnóra mar chéatadán ag deireadh na bliana de ghlanluach sócmhainní na gcistí infheistíochta ag deireadh na bliana:

Airgead tirim Plus:	0.05%
Cothromaithe:	0.05%

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

4. INFHEISTÍOCHTAÍ	30/9/2013	30/9/2012
	€	€
Cistí Aonadaithe SSGA	1,237,082,532	1,143,740,853
Cistí bainistithe	4,560,222	5,399,172
Gnáthscaireanna	2,452,500	1,977,071
Bannaí Rialtais	551,327	729,614
Cuntais taisce	26,426,711	23,300,994
Cairteacha Coigiltis an Post	24,234	19,006
Polasaithe Árachais	683,281	750,952
	<u>1,271,780,807</u>	<u>1,175,917,662</u>
5. FÉICHIÚNAITHE	30/9/2013	30/9/2012
	€	€
Suimeanna dáfa ag cúirt ach nach bhfuarthas go fóill	12,389,773	10,758,718
Ioncam Fabhraithe	20,542	50,740
	<u>12,410,315</u>	<u>10,809,458</u>
6. BANC	30/9/2013	30/9/2012
	€	€
Airgead tirim sa bhanc	10,026,894	2,952,425
	<u>10,026,894</u>	<u>2,952,425</u>
7. CREIDIÚNAITHE	30/9/2013	30/9/2012
	€	€
Creidiúnaithe	0	67,143
Cáin Scoir Iníoctha (Tabhair faoi deara Nóta 10)	690,770	832,962
	<u>690,770</u>	<u>900,105</u>

Áirítear mar ioncam fabhraithe ús fabhraithe ar chuntais taisce a bhí sealbhaithe ag deireadh na bliana 2013 agus a taifeadh de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

8. CISTÍ ATÁ Á gCOIMEÁD LE HAGHAIDH TAIRBHITHE	30/9/2013 €	30/9/2012 €
Suimeanna á gcoimeád le haghaidh coimircithe cúirte	863,508,101	800,489,146
Suimeanna á gcoimeád le haghaidh mionaoiseach	273,396,271	266,364,810
Suimeanna á gcoimeád ar feitheamh tuilleadh cásanna ordaithe	81,949,006	59,943,276
Suimeanna á gcoimeád do thiomnachaí carthanachta	2,130,608	1,885,531
Suimeanna á gcoimeád do thaiscí leis an gcosaint	12,853,922	10,816,662
Eile (féach an nóta thíos)	59,689,338	49,280,015
	<u>1,293,527,246</u>	<u>1,188,779,440</u>

San áireamh in Eile, tá suim €16,381,951 (2012: €12,671,331), i ndáil le ciste amháin ar a dtugtar an "Ciste Cúitimh Árachais" a bunaíodh faoin Acht Árachais, 1964 chun freastal ar dhliteanais áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, d'fhonn go gcuirfeadh an tAire Airgeadais deontas agus iasachtaí ar fáil agus chun ranníocaíochtaí leis an gciste a fháil ó árachóirí.

9. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS

Rioscaí Infheistíochta

Maidir leis na hinfeistíochtaí atá á mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra is iad bainisteoirí gairmiúla ceaptha a bhfuil straitéisí infheistíochta comhaontaithe glactha acu a dhéanann iad a bhainistiú. Díúthchuid d'aon straitéis infheistíochta é riosca. Feidhmíonn State Street Global Advisors Ireland Limited ("SSgA") mar Bhainisteoir Infheistíochta Iontaobhais Aonad Speictrim State Street Global Advisors de bhun an Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta.

Infheistíonn fo-chistí Aonad Iontaobhas Speictrim SSgA (na "Cistí") a gcuid sócmhainní go léir i gceann amháin nó i meascán d'fho-chistí Cistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA atá liostaithe thíos.

- Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU
- Ciste Airgid Tirim Euro SSgA GRU
- Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro SSgA GRU
- Ciste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU

I saothrú a gcuid cuspóirí agus beartas infheistíochta, tá na Cistí nochta do rioscaí éagsúla airgeadais go díreach nó tríd na fo-chistí in Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA: riosca margaidh (lena n-áirítear riosca maidir le praghas an mhargaidh, riosca rátaí úis agus riosca airgeadra), riosca creidmheasa agus riosca leachtachta trína bhféadfaí ghlansócmhainní na gCistí a laghdú.

Dírítear sa clár foriomlán um bhainistiú riosca de chuid na gCistí ar ghuagacht na margaí airgeadais agus déantar iarracht na torthaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann d'fheidhmíocht airgeadais na gCistí a laghdú.

Is iad seo a leanas na rioscaí agus cur chuige an Bhainisteora Infheistíochta maidir le bainistiú na rioscaí sin.

Riosca Margaidh

(a) Riosca maidir le praghas margaidh

Is éard atá i riosca maidir le praghas an mhargaidh ná an baol go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid amach anseo atá ag ionstraim airgeadais luainiú de bharr athruithe i bpraghsanna margaidh.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

9. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

D'fheadfadh na hurrúis a ndéantar fo-chistí iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA a infheistiú iontu a bheith i mbaol de bharr riosca maidir le praghas margaidh de thoradh neamhchinnreachtaí faoi phraghsanna na n-ionstraimí amach anseo.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar phróifíl reatha infheistíochtaí iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA agus déanann comparáid laethúil ar staid reatha na gCistí i bhfianaise an innéacs ábhartha nó na staide idéalai. Déantar aon athrú ar na staideanna sin a chur i gceart láithreach.

(a) Riosca maidir le praghas margaidh (ar lean)

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013 d'infheistigh Ciste Airgid Thirim Plus SSgA beagnach na sócmhainní go léir a bhí aige i gCiste Airgid Tirim Euro SSgA GRU agus ar an ábhar sin bhí sé nochta do na rioscaí margaidh céanna is atá Ciste Airgid Tirim Euro SSgA GRU nochta.

Infheistíonn an Ciste Cothromaithe SSgA i réimse fo-chistí iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA atá scaipthe ar fud aicmí éagsúla sócmhainní agus tíortha. Maolaíonn an Bainisteoir Infheistíochta an riosca maidir le praghas an mhargaidh laistigh de Chiste Cothromaithe SSgA trí chloí leis na srianta infheistíochta agus teorainneacha comhchruinnithe atá leagtha amach i Réamheolaire forlíontach an Chiste.

Míníonn an anailís seo a leanas an tionchar a bheadh ag ghluaiseacht 20% san innéacs tagarmharcála ábhartha (arna ríomh in Euro) ar an 30 Meán Fómhair 2013 agus 30 Meán Fómhair, 2012 ar leibhéal fo-chistí iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte na gCistí éagsúla dá bhfanadh gach athróg eile mar a bhí.

Ciste	Tagarmharc	% athraithe i nglansócmhainní an chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2013	% athraithe i nglansócmhainní an chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2012
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro SSgA GRU	Innéacs Eurobloc FTSE	19.64%	19.60%
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU	Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda ex Eurobloc FTSE	19.87%	19.80%
Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU	Innéacs Bannaí Rialtais 1 - 3 Bliana Citi EMU	19.83%	20.34%

Míníonn an anailís seo a leanas an tionchar a bheadh ag ghluaiseacht 20% san innéacs tagarmharcála ábhartha (arna ríomh in Euro) ar an 30 Meán Fómhair 2013 agus 30 Meán Fómhair, 2012, ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte de Chiste Cothromaithe SSgA agus Ciste Airgid Thirim Plus SSgA dá bhfanadh gach athróg eile mar a bhí.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

9. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

Riosca Margaidh (ar lean)

Ciste	Tagarmharc	% athraithe i nglansócmhainní an chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2013	% athraithe i nglansócmhainní an chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2012
Ciste Cothromaithe SSgA	Tagarmharc Ilchodach	18.79%	20.19%
Ciste Airgid Thirim Plus SSgA	Euribid 1 Mhí Amháin	3.49%	20.49%

Mar shampla, taispeánann an anailís thuas, dá dtiocfadh méadú 20% ar Tagarmharc Ilchodach Innéacs Ciste Cothromaithe SSgA á ríomh in Euro ar an 30 Meán Fómhair 2013 agus dá bhfanadh na hathróa eile mar a bhí, go dtiocfadh méadú de thart ar 18.79% ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí na n-aonad infhuascailte a bhí mar chuid de Chiste Cothromaithe SSgA.

Os a choinne sin, dá dtiocfadh laghdú 20% ar Tagarmharc Ilchodach Innéacs Ciste Cothromaithe SSgA á ríomh in Euro ar an 30 Meán Fómhair 2013 agus dá bhfanadh na hathróa eile mar a bhí, go dtiocfadh laghdú de thart ar 18.79% ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí na n-aonad a bhí mar chuid de Chiste Cothromaithe SSgA.

(b) Riosca airgeadra

Is éard atá i riosca airgeadra ná an baol go bhféadfadh luach cóir ionstraime airgeadais nó an sreabhadh airgid a bheadh ag baint léi amach anseo luainiú de bharr athruithe i rátaí malairte.

Tá gach ceann d'fho-chistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA ina infheistítear na Cistí ainmnithe in Euro, ós é sin bunairgeadra na gCistí. Mar sin amhail an 30 Meán Fómhair 2013 níl na Cistí nochta go díreach d'aon riosca airgeadra. Mar sin féin, tá na Cistí go léir nochta go hindíreach do rioscaí airgeadra na bhfo-chistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA a infheistítear iad iontu.

Go háirithe, ag deireadh na bliana d'infheistigh Ciste Cothromaithe SSgA i gCiste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU. Tá sócmhainní, dliteanais agus ioncaim Chiste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU go léir ainmnithe in airgeadraí eile seachas an Euro, arb é sin airgeadra feidhmiúil na gCistí. Is iad na hairgeadraí suntasacha Dollar na Stát Aontaithe, Punt na Breataine, Yen na Seapáine, Dollar Cheanada, Dollar na hAstráile agus Franc na hEilvéise. Tá sé nochta dá bhrí sin do riosca airgeadra óir beidh luach na n-urrús ainmnithe in airgeadraí eile ag luainiú de bharr athruithe i rátaí malairte. Aistrítear ioncam atá ainmnithe in airgeadra eachtrach go Euro nuair a faightear é. Is é an cuspóir infheistíochta an Chiste ná feidhmíocht Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda ex Eurobloc FTSE a leanúint a dhlúithe is féidir le réasún.

Níl Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Euro SSgA GRU, Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU ná Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU nochta d'aon rioscaí de bharr airgeadraí thar lear, óir tá na sócmhainní agus dliteanais ainmnithe in Euro, ós é sin airgeadra feidhme na gCistí.

Níor dhearnadh aon athrú ábhartha i rith na bliana ar bheartais ná ar phróisis na gCistí chun rioscaí airgeadra a bhainistiú ná ar na modhanna a úsáidtear chun rioscaí a thomhas.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

9. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

(b) Riosca airgeadra (ar lean)

Léirítear sa tábla seo a leanas na sealúchais i ngach ceann de na hairgeadraí atá ag Ciste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU agus an tionchar ar Glanluach Sócmhainní a bheadh ag gluaiseacht +/-10% in aon cheann de na hairgeadraí amhail an 30 Meán Fómhair 2013.

Trádáil airgeadra	Luach trádáilte margaidh €	% sealúchais	% gluaiseachta	Tionchar ar Ghlanluach Sócmhainní
Dollar na Stát Aontaithe	153,872,383	59.01%	10.00%	5.90%
Punt na Breataine	26,534,068	11.02%	10.00%	1.10%
Yen na Seapáine	28,743,771	10.18%	10.00%	1.02%
Dollar Cheanada	11,331,392	4.34%	10.00%	0.43%
Dollar na hAstráile	10,241,254	4.24%	10.00%	0.42%
Franc na hEilvéise	11,051,991	3.93%	10.00%	0.39%
Won na Cóiré Theas	5,598,654	2.15%	10.00%	0.22%
Dollar Hong Cong	4,221,877	1.62%	10.00%	0.16%
Krona Na Sualainne	3,915,148	1.50%	10.00%	0.15%
Dollar Shingepór	2,011,965	0.77%	10.00%	0.08%
Kroner na Danmhairge	1,394,072	0.53%	10.00%	0.05%
Krone na hIorua	1,030,385	0.40%	10.00%	0.04%
Seiceal Nua Iosrael	650,800	0.25%	10.00%	0.03%
Dollar na Nua-Shéalainne	164,488	0.06%	10.00%	0.01%
Iomlán	260,762,248			

Léirítear sa tábla seo a leanas na sealúchais i ngach ceann de na hairgeadraí agus an tionchar ar Glanluach Sócmhainní a bheadh ag gluaiseacht +/-0% in aon cheann de na hairgeadraí sin amhail an 30 Meán Fómhair 2012.

Airgeadra trádála	Luach trádáilte margaidh €	% sealúchais	% gluaiseachta	Tionchar ar Ghlanluach Sócmhainní
Dollar na Stát Aontaithe	62,384,869	58.67%	10.00%	5.87%
Yen na Seapáine	11,115,803	10.45%	10.00%	1.05%
Punt na Breataine	9,309,933	8.76%	10.00%	0.88%
Dollar Cheanada	5,305,510	4.99%	10.00%	0.50%
Franc na hEilvéise	4,482,802	4.22%	10.00%	0.42%
Dollar na hAstráile	4,249,072	4.00%	10.00%	0.40%
Won na Cóiré Theas	3,010,827	2.83%	10.00%	0.28%
Dollar Hong Cong	2,411,586	2.27%	10.00%	0.23%
Krona Na Sualainne	1,566,481	1.47%	10.00%	0.15%
Dollar Shingepór	969,811	0.91%	10.00%	0.09%
Krone na hIorua	613,796	0.58%	10.00%	0.06%
Kroner na Danmhairge	525,899	0.49%	10.00%	0.05%
Seiceal Nua Iosrael	308,386	0.29%	10.00%	0.03%
Dollar na Nua-Shéalainne	47,795	0.04%	10.00%	0.00%
Iomlán	106,302,570			

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

9. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

(c) Riosca na rátaí úis

Is iad na sócmhainní airgeadais úsmhara agus dliteanais atá ag Ciste a nochtann é don riosca atá ag luaineachtaí i leibhéil rátaí úis an mhargaidh ar a staid airgeadais agus ar a sreafaí airgid.

Tá na Cistí noхта go díreach do riosca na rátaí úis trína sealúchais airgid thirim agus tá siad noхта go hindíreach do rioscaí rátaí úis trí na hinfeistíochtaí atá acu i gCiste Airgid Thirim Euro SSgA GRU agus i gCiste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU.

Is iad na sócmhainní airgeadais úsmhara agus dliteanais atá ag Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU agus Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU a nochtann a staidéanna airgeadais agus ar a sreafaí airgid di rioscaí de bharr luaineachtaí i leibhéil rátaí úis an mhargaidh.

Is é an cuspóir infheistíochta Chiste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU ná feidhmíocht Innéacs Bannaí Rialtais 1 - 3 Bliana Citi EMU a leanúint chomh dlúth agus is féidir le réasún. Dá bhrí sin, déanfaidh an Comhairleoir Infheistíochta infheistiú i infheistíochtaí den sórt sin a chinnteoidh go leanfaidh feidhmíocht an Chiste feidhmíocht an innéacs bunaidh chomh dlúth agus is féidir le réasún. Ní dhéanann sé aon iarracht an nochtadh do riosca ráta úis a bhainistiú laistigh den Chiste.

Déantar cuid den riosca rátaí úis a bhaineann le Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU a bhainistiú trí phróiseas roghnaithe a dhéanann an Bainisteoir Infheistíochta lena n-áirítear réamh-mheastacháin maidir le teagmhais amach anseo agus an tionchar a bheidh acu ar rátaí úis, ar éagsúlú agus an fad a mhairfidh siad. I gcomhréir le beartas an Chiste, déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht gach lá ar íogaireacht foriomlán an Chiste ó thaobh cúrsaí úis.

Léirítear sa tábla seo a leanas an tionchar % a bheadh ar ghlansócmhainní Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU agus ar Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU a bhfuil urrúis úsmhara acu dá dtarlódh, cur i gcás, gluaiseacht 1% ar rátaí úis.

Ainm an Chiste	% athraithe i nglansócmhainní an chiste má ghlactar leis go mbeidh athrú 1% ar rátaí úis Amhail an 30 Meán Fómhair 2013	% athraithe i nglansócmhainní an chiste má ghlactar leis go mbeidh athrú 1% ar rátaí úis Amhail an 30 Meán Fómhair 2012
Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU	1.90%	6.93%
Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU	0.12%	0.12%

Níl urrúis úsmhara ag Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro SSgA GRU ná ag Ciste Innéacs Gnáthscaireanna an Domhain ex Euro SSgA GRU agus dá bhrí níl siad noхта do riosca rátaí úis.

Níor dhearnadh aon athrú ábhartha ó dheireadh na bliana roimhe sin ar na beartais ná ar na próisis a úsáidtear i gcás na gCistí chun rioscaí ráta úis a thomhas agus a bhainistiú.

(d) Riosca creidmheasa

Is éard is riosca creidmheasa ann ná an riosca nach mbeidh contrapháirtí nó eisiúnaí in ann na méideanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlíte.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013, tá na Cistí noхта go hindíreach do na rioscaí creidmheasa céanna is atá fo-chistí lontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA a ndéanann siad infheistiú iontu.

(OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

9. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

(d) Riosca creidmheasa (ar lean)

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013, d'infheistigh Airgead Tirim Plus SSgA formhór mór a chuid sócmhainní i gCiste Airgid Thirim Euro SSgA GRU agus ar an ábhar sin bhí sé nochtta do na rioscaí creidmheasa céanna is atá Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU.

Déanann Deasc Mhargaidh Airgid agus Foireann Ghéilliúlachta Punainne an Comhairleora Infheistíochta monatóireacht ar an rátáil chreidmheasa reatha gach lá maidir le gach suímh laistigh den Chiste lena chinntiú go leanann an Ciste ar aghaidh ag sásamh na srianta agus na riachtanas maidir le rátáil chreidmheasa an Chiste a bhfuil cuntas orthu i ndoiciméadacht an Chiste.

Cinntíonn Deasc Mhargaidh Airgid agus Foireann Ghéilliúlachta Punainne an Comhairleora Infheistíochta freisin go bhfuil éagsúlú oiriúnach infheistíochtaí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith.

Amhail 30 Mheán Fómhair 2013, rinne Ciste Cothromaithe SSgA infheistiú i gCiste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU. I gcás Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU cinntíonn an Bainisteoir Infheistíochta freisin go bhfuil éagsúlú oiriúnach infheistíochtaí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith, agus díríonn sé freisin ar chuspóir lárnach an Chiste arb é feidhmíocht a thagarmharc a leanúint chomh dlúth agus is féidir le réasún.

Tá urrúis úsmhara ag Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU agus ag Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU agus an nochtadh creidmheasa seo a leanas acu amhail an 30 Meán Fómhair 2013 agus an 30 Meán Fómhair 2012.

Ainm an Chiste	Amhail an 30 Meán Fómhair 2013		Amhail an 30 Meán Fómhair 2012	
	Grád infheistíochta	Grád neamh-infheistíochta	Grád infheistíochta	Grád neamh-infheistíochta
Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU	100%	-	100%	-
Ciste Innéacs Bannaí EMU SSgA GRU	100%	-	100%	-

Áirítear iad seo a leanas le nochtadh creidmheasa an Chiste freisin:

- an riosca go gcaillfear an t-airgead tirim a bhí á sealbhú go léir ag State Street Custodial Services (Ireland) Limited ar an dáta tuairiscithe, agus
- an riosca nach n-íocfaidh na bróicéirí as na hurrúis a fuarthas ó na Cistí, nó nach gcuirfidh siad na hurrúis ar fáil ar íoc na Cistí astu.

Ar an 30 Meán Fómhair 2013, thug Standard & Poor's rátáil A+ do Stát Street Corporation, máthairchuideachta State Street Custodial Services (Ireland) Limited maidir le fiach fadtéarmach, agus meastar nach bhfuil aon bhaol ann go mainneoidh siad. Tugadh rátáil A+ do JP Morgan ar an 30 Meán Fómhair 2012.

Íocann State Street Custodial Services (Ireland) Limited (an "tlontaobhaí") as gach idirbheart liostaithe nuair a sheachadtar iad ag baint leasa as seirbhísí bróicéirí faofa.

Ní mór don Bhainisteoir Infheistíochta gach bróicéir a fhaomhadh sula bhféadfaidh Bainisteoir Infheistíochta na gCistí déileáil leo, agus chuige sin ní mór a gcuntais bhliantúla a fháil agus athbheithniú. Meastar nach bhfuil ann ach an baol is lú go mainneoidh na bróicéirí, mar nach seachadtar na hurrúis a díoltar ach amháin nuair a fhaigheann an bróicéir an íocaíocht agus go n-íoctar as an gceannachán nuair a bhíonn na hurrúis faighte ag an mbróicéir.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

9. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

(e) Riosca Leachtachta

Is éard atá i riosca leachtachta ná an baol go mbeidh deacracht ag aonán a dhualgais a bhaineann le dlíteanais airgeadais a chomhlíonadh. Socraítear na dlíteanais sin trí airgead tirim nó sócmhainní airgeadais eile a sheachadadh.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013 tá na Cistí go léir nochta go hindíreach do na rioscaí leachtachta céanna is atá Cistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA a ndéanann siad infheistiú iontu.

Infheistíonn Cistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA a gcuid sócmhainní in infheistíochtaí a thrádáiltear i margadh gníomhach agus is féidir iad a dhiúscairt go réidh.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar staid leachtachta iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA gach lá. Déanann an Comhairleoir Infheistíochta athbhreithniú ar staid leachtachta reatha agus tuartha Cistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA gach lá agus áiríthíonn sé go ngintear aon airgead, de réir mar is cuí, atá riachtanach chun aon iarratas fuascailte a shásamh.

Tá na Cistí go léir nochta do dhéileáil sheachtainiúil agus infheistíonn siad i bhfo-chistí d'Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA atá nochta iad féin do dhéileáil sheachtainiúil. Tá fuascailtí a dhéantar ar aonaid infhuascailte i gCistí agus i bhfo-chistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA iníoctha laistigh de 3 lá gnó ón lá déileála sin ar a dhéantar an fhuascailt.

Ar na cúiseanna sin, tá an Bainisteoir Infheistíochta tar éis measúnú a dhéanamh agus a dhearbhu gur beag an baol go mbeadh tionchar ag easpa leachtachta ar na Cistí.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar staid leachtachta na gCistí gach lá. Déanann an Comhairleoir Infheistíochta athbhreithniú ar staid leachtachta reatha agus tuartha na gCistí gach lá agus áiríthíonn sé go ngintear aon airgead, de réir mar is cuí, atá riachtanach chun aon iarratas fuascailte a shásamh.

10. GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ	30/9/2013 €	30/9/2012 €
Gnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i gcaitheamh na bliana 13,620,368		9,894,143
Lúide:		
Cáin scoir (i)	(3,140,081)	(3,855,039)
Tobhach frithchaolaithe agus coimisiún bróicéirí (ii)	(47,550)	(58,581)
Glanghnóthachan réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i gcaitheamh na bliana	<u>6,706,512</u>	<u>9,706,748</u>

(i) Tugann an tAcht Airgeadais 2003 údarás don tSeirbhís Chúirteanna asbhaintí a dhéanamh ag an bhfoinse agus cuntas a thabhairt as cánacha scoir a eascraíonn ó dhiúscairt infheistíochtaí sna cistí aonadaithe a bhunaigh SSgA. Déantar an cháin a áireamh ar ráta 36% (2012: 33%) agus tá sí iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(ii) Is éard atá sa tobhach frithchaolaithe ná táillí a ghearrtar ar fuascailtí ó na cistí aonadaithe.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

11. GLANATHRÚ I nGNÓTHACHAIN/ (CAILLTEANAIS) NEAMHRÉADAITHE AR INFHEISTITHE	30/9/2013 €	30/9/2012 €
Athrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí i gcaitheamh na bliana	17,045,936	16,806,661
Lúide:		
Táillí bainistithe infheistíochtaí (Nóta 3.2)	(904,197)	(912,693)
Táillí ilghnéitheacha ar chistí bainistithe (i)	(572,328)	(519,881)
Tobhach frithchaolaithe agus coimisiún bróicéirí (ii)	(94,228)	(79,375)
	-	-
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	15,475,183	15,294,712

- (i) Áirítear ar na táillí sin, muirir idirbhirt, táillí iniúchóireachta, táillí cumhdach, táillí gairmiúla eile, táillí iontaobhaí agus ús bainc.
- (ii) Is éard atá sa tobhach frithchaolaithe ná táillí a ghearrtar ar fuascailtí ó na cistí aonadaithe.

12. GLANCHAILLTEANAIS RÉADAITHE AR AISTRÍÚ SÓCMHAINNÍ	30/9/2013 €	30/9/2012 €
Glanchailteanais ar Aistrithe Amach i rith na bliana	(107,193)	(396,415)

D'eascair na glanchailteanais sin as aistriú gnáthscaireanna a bhíodh á gcoimeád in ainm Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amach as coimeád na cúirte. Tugadh na gnáthscaireanna sin go léir isteach sa chúirt nuair a rinneadh Coimircí Cúirte de dhuine, agus taifeadadh iad sna cuntais ag luach margaidh an ama sin. Is ionann an glanchailteanas agus an glanlaghdú i luach na gnáthscaireanna nuair a aistríodh iad amach as an gcúirt, faoi mar a ordaíodh le hordú cúirte. Níl sa glanchailteanas dá dtagraítear ach cailteanas páipéir mar nár díoladh na gnáthscaireanna i ndáiríre.

13. IONCAM Ó INFHEISTÍOCHT	30/9/2013 €	30/9/2012 €
Ús ar Thaiscí	239,483	146,432
Díbhinní	50,229	73,085
Scaireanna in ionad díbhinní	6,680	8,055
Ús ar infheistíochtaí eile	30,630	48,740
Díol eisiúna de cheart	-	87
	327,022	276,399

Léirítear ioncam infheistíochta glan ar cháin shiarchoinneálach. Áirítear le hús taisce in 2013 agus in 2012 ioncam ó ús fabhraithe taisce de réir na bprionsabal cuntasáíochta a nglactar go ginearálta leo.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

14. COSTAIS	30/9/2013 €	30/9/2012 €
Táillí Cúirte (Tabhair faoi deara 3.1)	2,023,495	1,891,097
Táillí Bróicéirí	-	6,371
Táillí bainc	81	40
	<hr/>	<hr/>
	2,023,576	1,897,508
	<hr/>	<hr/>

15. IONCAM EILE

Is ionann ioncam eile agus ioncam ó bhlianachtaí, ó dhíol cearta céadrogha agus ó ús ar lóisteálacha déanacha i measc rudaí eile.

16. TOMHAS LUACHA CHÓIR

Ghlac Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais leis an leasú a rinneadh ar Ionstraim Airgeadais FRS 29: Nochtadh, le héifeacht don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012. Éiríonn sé seo ar Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ionstraimí airgeadais a nochtadh ag baint úsáid as ordlathas luacha chóir a léiríonn suntasacht na n-ionchur a úsáideadh chun an tomhais a dhéanamh.

Is mar seo a leanas atá trí leibhéal ordlathais na luachanna córa:

- Pragsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margáí gníomhacha do shócmhainní nó do dhlíteanais chomhionanna (Leibhéal 1).
- Ionchuir seachas pragsanna luaite a áirítear ar leibhéal 1 atá inbhraite i gcás na sócmhainne nó an dlíteanais, cibé go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin, díorthaithe ó phraghsanna) (Leibhéal 2).
- Ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dlíteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite margaidh (is é sin, ionchuir neamh-inbhraite) (Leibhéal 3).

Cinntítear an leibhéal in ordlathas na luachanna córa ina ndéantar an luach cóir a thomhas a chatagóiriú go huile agus go hiomlán ar bhonn ionchur an Leibhéil is ísle atá suntasach ó thaobh an luach cóir a thomhas ina iomláine. Chun na críche sin, déantar an tábhacht a bhaineann le hionchur a mheas i gcoinne tomhais an luacha chóir ina iomláine. Má úsáidtear ionchuir inbhraite a éilíonn coigeartú suntasach bunaithe ar ionchuir neamh-inbhraite chun luach cóir a thomhas, ní foláir nó gur tomhas Leibhéal 3 an tomhas sin. Chun measúnú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le hionchur ar leith maidir le tomhas luacha chóir ina iomláine ní mór breith a thabhairt, ag cur san áireamh na tosca sonracha a bhaineann leis an tsócmhainn nó leis an dlíteanas sin.

Beidh ar an mBainisteoir breithiúnas a dhéanamh go cúramach le cinneadh a dhéanamh faoi cad é go díreach atá i gceist le “inbhraite”. Measann an Bainisteoir gurb ionann sonraí inbhraite agus sonraí margaidh atá ar fáil go héasca, a dáiltear nó a nuashonraítear go rialta, atá iontaofa agus infhíoraithe, nach sonraí príobháideacha ná dílsithe iad, agus go bhfuil siad curtha ar fáil ag foinsí neamhspleácha atá gníomhach sa mhargadh ábhartha.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

16. TOMHAS LUACHA CHÓIR (AR LEAN)

Déantar anailís sa tábla seo a leanas laistigh den ordlathas luacha chóir Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ar na sócmhainní airgeadais agus dliteanais (de réir aicme) a tomhaiseadh ag luach cóir ar an 30 Meán Fómhair 2013:

	Leibhéal 1 €	Leibhéal 2 €	Leibhéal 3 €	Iomlán €
Infheistíochtaí				
- Cistí Aonadaithe BIAM	-	1,237,082,532	-	1,237,082,532
- Cistí bainistithe	-	4,560,222	-	4,560,222
- Gnáthscaireanna	2,452,500	-	-	2,452,500
- Bannaí Rialtais	551,327	-	-	551,327
- Cuntais taisce	26,426,711	-	-	26,426,711
- Cairteacha Coigiltis an Post	24,234	-	-	24,234
- Polasaithe árachais	-	-	683,281	683,281
Iomlán	29,454,772	1,241,642,754	683,281	1,271,780,807

Déantar anailís sa tábla seo a leanas laistigh den ordlathas luachanna córa sócmhainní agus dliteanais airgeadais (de réir aicme) Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais arna dtomhas ag luach cóir ar an 30 Meán Fómhair, 2012

	Leibhéal 1 €	Leibhéal 2 €	Leibhéal 3 €	Iomlán €
Infheistíochtaí				
- Cistí Aonadaithe BIAM	-	1,143,740,852	-	1,143,740,852
- Cistí bainistithe	-	5,399,172	-	5,399,172
- Gnáthscaireanna	1,977,071	-	-	1,977,071
- Bannaí Rialtais	729,614	-	-	729,614
- Cuntais taisce	23,300,994	-	-	23,300,994
- Cairteacha Coigiltis an Post	19,006	-	-	19,006
- Polasaithe árachais	-	-	750,953	750,953
Iomlán	26,026,685	1,149,140,024	750,953	1,175,917,662

Baineann infheistíochtaí Leibhéil 3 le hinfeistíochtaí i bpolasaithe árachais nach bhfuil luaite ar mhalartán ná á dtrádáil go gníomhach. In éagmais aon fhaisnéis mhargaidh rinne an Cuntasóir na hinfeistíochtaí a luacháil ar bhunús na luachanna a chuir an chuideachta árachais ar fáil. Creideann an Cuntasóir go bhfuil sé sin cóngarach don luach cóir agus dá mba rud é go ndéanfaí aon choigeartú a bheadh riachtanach chun na hinfeistíochtaí a mheas ag luach cóir nach ndéanfadh sé sin aon choigeartú ábhartha ar na ráitis airgeadais.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 (AR LEANÚINT)

16. TOMHAS LUACHA CHÓIR (AR LEAN)

Áirítear sa tábla seo a leanas réiteach na méideanna don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair, 2013 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraime airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur neamh-inbhraite i dtomhas an luacha chóir foriomlán.

Polasaithe Árachais	€
Iarmhéid tosaigh	750,953
Ceannacháin	-
Fáltais díola	(86,820)
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú neamhréadaithe	19,148
Iarmhéid Deiridh ar an 30 Meán Fómhair 2013	683,281

Ní raibh aon aistriú idir na leibhéil éagsúla i rith na bliana.

Áirítear sa an tábla seo a leanas réiteach na méideanna don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair, 2012 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraime airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur neamh-inbhraite i dtomhas an luacha chóir foriomlán.

Polasaithe Árachais	€
Iarmhéid tosaigh	674,864
Ceannacháin	-
Fáltais díola	-
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú neamhréadaithe	76,089
Iarmhéid Deiridh ar an 30 Meán Fómhair 2012	750,953

Is iad na glanchailteanais neamhréadaithe a bhaineann le polasaithe árachais atá fós ar láimh amhail an 30 Meán Fómhair, 2013 €154,371 (2012: €173,519).

17. IMEACHTAÍ IAR-CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ar an 9 Deireadh Fómhair 2013, tar éis tairisceana an AE maidir le seirbhísí bainistithe ciste, rinne SSgA athstruchtúrú ar iontaobhas Aonad Speictrim agus chruthaigh siad sé straitéis infheistíochta nua chun Cistí na gCúirteanna a infheistiú. Áiríodh gach tairbhí sa straitéis chuí i gcomhréir leis an bPrótacal Infheistíochta athbhreithnithe a d'fhaomh an Coiste Infheistíochta.

Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA
Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA
Ciste Airgid agus Banna Gearrthearmaigh Speictrim SSgA
Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA
Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA
Ciste Fáis Speictrim SSgA

Níor tharla aon rud suntasach tar éis don Chlár Comhardaithe a bheith ullmhaithe a thabharfadh orainn athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí maidir le nochtadh sna ráitis airgeadais.

18. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Cuntasóir eisiúint na ráiteas airgeadais ar an 18 Nollaig 2013.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

FAISNÉIS FHORLÍONTACH

(NACH gCLÚDAÍTEAR I dTUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH)

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE**RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS FAOI DHLITEANAIS
AMHAIL 30 MEÁN FOMHAIR 2013**

	30/9/2013 €	30/09/2012 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	1,157,797,863	1,069,835,977
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	11,695,084	10,123,760
Banc	9,331,206	2,479,598
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA	21,026,290	12,603,358
DHLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(616,165)	(767,085)
DHLITEANAIS IOMLÁNA	(616,165)	(767,085)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	20,410,125	11,836,273
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ	1,178,207,988	1,081,672,250
ARNA LÉIRIÚ AG:		
Cistí á sealbhú do thairbhíthe ag deireadh na bliana	1,178,207,988	1,081,672,250

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE**RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**

	30/9/2013 €	30/9/2012 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i gcaitheamh na bliana	6,212,669	9,142,662
Glanghluaiseacht i ngnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	16,226,070	15,819,207
Caillteanais réadaithe ar Aistriú Amach i gcaitheamh na bliana	(107,193)	(396,415)
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	<u>22,331,546</u>	<u>24,565,454</u>
Ioncam ó infheistíocht	323,817	275,168
	<u>22,655,363</u>	<u>24,840,622</u>
Costais	(2,023,495)	(1,897,468)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	<u>20,631,868</u>	<u>22,943,154</u>

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE**RÁITEAS AR ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**

	30/9/2013 €	30/9/2012 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam ó infheistíocht lúide costais	(1,699,678)	(1,622,300)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	6,212,669	9,142,662
Glanghnóthachain/(caillteanais) ar infheistíochtaí	16,226,070	15,819,207
Caillteanais réadaithe ar Aistriú Amach i gcaitheamh na bliana	(107,193)	(396,415)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	<u>20,631,868</u>	<u>22,943,154</u>
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	541,063,292	937,595,428
Eisíocaíochtaí	(465,159,422)	(953,531,583)
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	<u>75,903,870</u>	<u>(15,936,155)</u>
Méadú i nGlansócmhainní	96,535,738	7,006,999
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,081,672,250	1,074,665,251
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	<u><u>1,178,207,988</u></u>	<u><u>1,081,672,250</u></u>

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA**RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS FAOI DHLITEANAIS
AMHAIL 30 MEÁN FOMHAIR 2013**

	30/9/2013 €	30/9/2012 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	110,126,430	102,120,875
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	680,373	654,281
Banc	676,814	441,385
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA	1,357,187	1,095,666
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(71,947)	(128,964)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(71,947)	(128,964)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	1,285,240	966,702
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ	111,411,670	103,087,577
ARNA LÉIRIÚ AG:		
Cistí á sealbhú do thairbhithe ag deireadh na bliana	111,411,670	103,087,577

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA**RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**

	30/9/2013 €	30/9/2012 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i gcaitheamh na bliana	474,542	547,308
Glanghluaiseacht i (caillteanais)/ gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(721,702)	(510,882)
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	<u>(247,160)</u>	<u>36,426</u>
Ioncam ó infheistíocht	2,705	884
	<u>(244,455)</u>	<u>37,310</u>
Costais	(81)	(40)
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	<u><u>(244,536)</u></u>	<u><u>37,270</u></u>

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA**RÁITEAS AR ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**

	30/9/2013 €	30/9/2012 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam ó infheistíocht lúide costais	2,624	844
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	474,542	547,308
Glan-(chailteanais)/ghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(721,702)	(510,882)
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	(244,536)	37,270
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	24,717,109	17,018,818
Eisíocaíochtaí	(16,148,480)	(13,927,151)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	8,568,629	3,091,667
Méadú i nGlansócmhainní	8,324,093	3,128,937
Glansócmhainní ag tús na bliana	103,087,577	99,958,640
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	111,411,670	103,087,577

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE**RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS FAOI DHLITEANAIS
AMHAIL 30 MEÁN FOMHAIR 2013**

	30/9/2013 €	30/9/2012 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	3,856,514	3,960,810
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	34,858	31,417
Banc	18,874	31,442
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA	53,732	62,859
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(2,658)	(4,056)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(2,658)	(4,056)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	51,074	58,803
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ	3,907,588	4,019,613
ARNA LÉIRIÚ AG:		
Cistí á sealbhú ar son tairbhithe ag deireadh na bliana	3,907,588	4,019,613

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

	30/9/2013 €	30/09/2012 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i gcaitheamh na bliana	19,301	16,778
Glanghluaiseacht i (caillteanais)/ gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(29,185)	(13,613)
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	<u>(9,884)</u>	<u>3,165</u>
Ioncam ó infheistíocht	500	347
	<u>(9,384)</u>	<u>3,512</u>
Costais	(0)	(0)
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	<u>(9,384)</u>	<u>3,512</u>

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE**RÁITEAS AR ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**

	30/9/2013 €	30/9/2012 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam ó infheistíocht lúide costais	500	347
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	19,301	16,778
Glan-(chailiteanais)/ghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(29,185)	(13,613)
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	<u>(9,384)</u>	<u>3,512</u>
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	394,185	518,487
Eisíocaíochtaí	(496,826)	(398,531)
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	<u>(102,641)</u>	<u>119,956</u>
Laghdú/Méadú i nGlansócmhainní	(112,025)	123,468
Glansócmhainní ag tosach na bliana	4,019,613	3,896,145
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	<u>3,907,588</u>	<u>4,019,613</u>



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
An tSeirbhís Chúirteanna
15 - 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7

Teil. 01 888 6211
01 888 6214

Gréasán: www.courts.ie